An Bord Pinsean
The Pensions Board

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2013

Clár Ábhair

Ráiteas an Chathaoirligh	2
Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh	3
An Bord Pinsean	6
Ag baint amach cuspóirí straitéiseacha an Bhoird	7
Meithleacha oibre agus coistí an Bhoird	13
Eagraíocht éifeachtúil a reáchtáil	14
Foireann an Bhoird Pinsean	15
Ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013	
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	17
Ráiteas ar fhreagrachtaí an Bhoird	19
Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais	20
Ráiteas na bpolasaithe cuntasaíochta	21
Cuntas ioncaim agus caiteachais	22
Clár comhardaithe	23
Ráiteas sreabhaidh airgid	24
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	25

Aguisín I: Ballraíocht de choistí agus meithleacha oibre reatha an Bhoird

Aguisín II: Táscairí monatóireachta bliantúla

Aguisín III: Príomhtháscairí feidhmíochta

Aguisín IV: Ciontuithe ionchúisimh an Bhoird Pinsean 2013

Aguisín V: Ballraíocht na scéimeanna pinsean gairme agus na gCuntas Coigiltis Scoir Pearsanta

Ráiteas an Chathaoirligh

Is é seo an Tuarascáil Bhliantúil deiridh bunaithe ar sheanstruchtúir an Bhoird Pinsean. Ó d'fhógair an tAire struchtúir nua i Meitheamh 2013, leanadh le hobair an Bhoird Pinsean faoi rialachas an Bhoird reatha go dtí gur cuireadh na socruithe nua i bhfeidhm ar an 7 Márta 2014. San áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil seo tá an obair a rinneadh in 2013, comhthéacs na hoibre sin agus ráitis airgeadais a bhaineann leis an tréimhse sin. Is mian liom buíochas a ghabháil le comhaltaí an Bhoird as a dtiomantas leanúnach don obair, a dtoilteanas leanúint leis na róil rialachais agus mhaoirseachta i ndiaidh athrú an struchtúir a fhógairt agus an méid a thug siad do róil chomhairle rialála agus bheartais an Bhoird Pinsean i rith 2013.

Is é post an Bhoird Pinsean pinsin ghairme phríobháideacha a rialú d'fhonn tacú le pinsin fhorlíontacha shlána agus intuartha. Déanaimid é seo trína chinntiú go bhfuil na rialacha á bhforfheidhmiú, trí chabhrú leis an bpobal a chearta a thuiscint agus le hiontaobhaithe a bhfreagrachtaí a thuiscint. Chomh maith leis sin, soláthraímid comhairle theicniúil maidir le ceisteanna a bhaineann le pinsin don Roinn Coimirce Sóisialaí agus do Ranna eile.

Tá athrú suntasach tagtha ar earnáil na bpinsean in Éirinn. D'eascair an laghdú suntasach agus fabhrach i mbochtaineacht seanaoise in Éirinn as obair an Rialtais chun leibhéal an Phinsin Stáit a chothú. Ní leor leibhéil chumhdaigh na bpinsean forlíontach san earnáil phríobháideach chun stíl mhaireachtála sásúil a mhaoiniú don duine a théann ar scor. Tá an fíorchostas a bhaineann le pinsin i ré seo an fháis laghdaithe agus an ionchais mhéadaithe ag teacht chun solais de réir a chéile. Tá go leor scéimeanna sochair shainithe foirceannta nó níl cead ag comhaltaí nua a bheith páirteach ina leithéid de scéimeanna níos mó. D'eascair níos mó cinnteachta mar aon le tréimhse coigeartaithe as an gcaighdeán maoinithe a bhunú an athuair.

Is scéimeanna ranníocaíochta sainithe iad formhór na scéimeanna pinsin nua anois. Eascraíonn muirir níos airde ná muirir optamacha as scéimeanna pinsin níos lú, i gcoibhneas le tíortha Eorpacha inchomparáide. Chomh maith leis, teastaíonn líon ard iontaobhaithe ardcháilithe agus oilte chun dualgais na n-iontaobhaithe, a bhfuil sainmhíniú déanta orthu sna hAchtanna, a chur i gcrích. Ainneoin nach bhfuil fianaise oibiachtúil ar fáil a bhaineann go sonrach le scéimeanna pinsin, is léir go ndeachaigh an easpa muiníne atá ag an bpobal sna seirbhísí airgeadais i bhfeidhm ar an muinín atá ag an bpobal as pinsin freisin. Is ionann moltaí ECFE maidir le tairiscintí éigeantacha/uathoibríocha rollaithe agus réiteach meántréimhseach nó fadtréimhseach chun patrúin sábhála scoir a athrú.

Cruthaíonn na forbairtí seo dúshláin d'fheidhmiú an Bhoird Pinsean mar rialtóir pinsean. Déanfaidh obair a bhfuil tús curtha léi cheana féin na hathruithe rialála riachtanach chun pinsin shlána agus intuartha a chinntiú i scéimeanna sochair shainithe agus scéimeanna ranníocaíochta sainithe mar thoradh ar na hathruithe atá ag tarlú a mheas. Tá tús curtha le hobair i gcomhpháirt leis na Coimisinéirí Ioncaim chun an próiseas a shimpliú. Tá an coincheap a bhí simplí ag pointe amháin – sábháil don scor – tar éis éirí fíorchasta. Glactar leis gurb ionann é seo agus bac ar spéis daoine, idir óg agus aosta, i bpinsin a spreagadh, agus tá sé ag cur le costas pinsean chomh maith. Beidh impleachtaí ag aon athrú ar an gcleachtas rialála ar leibhéil foirne agus scileanna an Bhoird Pinsean.

Is mian liom buíochas ó chroí a ghabháil leis an Aire agus lena hoifigigh as a seasmhacht agus as tacú linn ag an am céanna, d'fhonn a chinntiú go bhfuil an tairbhe is fearr agus is féidir á baint as an mBord agus as deis a thabhairt dúinn buntáiste a bhaint as an saineolas atá ag comhaltaí an Bhoird agus an Fheidhmeannais chun straitéis an Bhoird a sheachadadh agus tacú leis an obair atá ar bun ag an Roinn.

Is mian liom buíochas a ghabháil le Feidhmeannas an Bhoird as an tacaíocht leanúnach; as an obair mhór agus as an tiomantas atá léirithe aige i ndáil le rialú, faisnéis agus comhairle polasaí a sholáthar; agus as an eolas agus an saineolas atá aige sa réimse casta seo. Is mian liom aitheantas ar leith a thabhairt do cheannaireacht agus d'éiteas oibre Brendan Kennedy, atá le hainmniú mar Rialtóir Pinsean go luath, fear a bhfuil ardmheas ag an mBord ar an obair a dhéanann sé.



Jane Williams
Cathaoirleach

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

Is gnách gur ionann sábháil don scor agus coigilteas fadtréimhseach. Dá réir sin, is den tábhacht é go mbeadh muinín ag ranníocóirí sna forais atá i mbun a ranníocaíochtaí a riaradh agus a sochair a sholáthar. Is iomaí gné a bhaineann leis an muinín seo – ní mór go mbeadh ranníocaíochtaí slán, ní mór go mbeadh forais phinsean dea-bhainistithe agus éifeachtach, ní mór coigilteoirí a choinneáil ar an eolas ar bhealach sothuigthe, agus, tríd is tríd, ba chóir go dtuigfeadh comhaltaí na cinntí atá le déanamh acu. Tá ról lárnach ag obair an Bhoird Pinsean in 2013 i gcruthú agus i gcothú na muiníne seo.

Bliain dhúshlánach eile i ndáil le gach gné den soláthar pinsean in Éirinn ba ea 2013. Déanann an Bord maoirseacht ar ghéilliúlacht na ndreamanna seo a leanas le hAcht na bPinsean - iontaobhaithe scéime, soláthraithe CCSP, Riarthóirí Cláraithe agus fostóirí a bhfuil ionadaíocht á déanamh acu ar thart ar 150,000 scéim a bhfuil breis is 760,000 comhalta gníomhach páirteach iontu agus a bhfuil breis is €80 billiún i sócmhainní infheistíochta ina seilbh agus breis is 200,000 conradh aonair CCSP a bhfuil breis is €3.9 billiún i sócmhainní infheistíochta luaite leo.

Is í an aidhm atá le pinsin ghairme agus phearsanta ná pinsin intuartha agus shlána a sholáthar, chun an pinsean atá á sholáthar ag an Stát a fhorlíonadh. Tá soláthar maith pinsin costasach. Is féidir a chinntiú, áfach, go mbeidh pinsin fhorlíontacha mhaithe indéanta agus inacmhainne má thosaímid ag coigilt go luath, má dhéantar an coigilteas a infheistiú i gceart agus más ionann na costais a bhaineann leis an bpinsean a chothú agus luach ar airgead.

Is den tábhacht é go mbeidh aon díospóireacht maidir leis an mbealach is fearr chun pinsin níos fearr a sholáthar bunaithe ar thuiscint réalaíoch ar an gcostas a bhainfidh le pinsin oiriúnacha. Ní mór chomh maith go mbeimid toilteanach scrúdú a dhéanamh faoinár dtoimhdí maidir lena bhfuil i gceist le hionchais réasúnta pinsin, go háirithe i ré seo na rátaí úis íseal.

Gníomhaíocht rialála

Is é an cuspóir is tábhachtaí i ndáil le rialú pinsean gairme agus CCSPanna a chinntiú, chomh fada agus is féidir, nach mbaintear mí-úsáid as ranníocaíochtaí agus cistí pinsean agus cibé beart is cuí a dhéanamh sa chás go dtarlaíonn a leithéid.

Cúis dóchais is ea gur annamh a thuairiscítear míleithreasú pinsean. Le blianta beaga anuas, áfach, tá an Bord i mbun imscrúdaithe ar shraith cásanna sa tionscal tógála inar tugadh faoi deara go raibh ranníocaíochtaí asbhainte as tuarastail ag fostóirí ach nach raibh na ranníocaíochtaí sin á gcur isteach sa scéim pinsin: i roinnt cásanna, rinneadh na hasbhaintí seo nuair nach raibh an fostóir páirteach sa scéim fiú nó sa chás nach raibh fostaithe páirteach sa scéim.

Sceithirí a bhfuil baint acu le Scéim Pinsin na nOibrithe Tógála nó na fostaithe a bhfuil tionchar ag a leithéid orthu a tharraingíonn aird ar an Bhoird ar na cásanna seo. Ainneoin laghdú a bheith tagtha ar an líon cásanna nochta ag sceithirí san earnáil tógála in 2013, tugadh méadú in a leithéid de chásanna faoi deara in earnálacha eile sa tionscal. Níl sna cásanna a bhaineann leis an tionscal tógála ach mionlach de na cásanna a bhfuil imscrúdú á dhéanamh orthu. Is é beartas an Bhoird ionchúisimh choiriúla a thógáil in aghaidh cuideachtaí ciontaithe agus in aghaidh stiúrthóirí na gcuideachtaí seo. Leanfaimid le tús áite a thabhairt don ghníomhaíocht rialála seo.

In 2013, tugadh 19 cás ionchúisimh chun críche. Rinne an Bord ciontuithe in 13 cás agus rinneadh 6 chás eile a fhoirceannadh nó a scriosadh amach mar gheall ar íoc riaráistí.

- Bhain 8 gcás le hasbhaint agus gan ranníocaíochtaí a chur ar aghaidh chuig scéim
- Bhain 5 chás le teip freagairt d'iarratas ar fhaisnéis ón mBord

Cuspóir eile fós de rialachán é a chinntiú go gcloítear le forálacha Acht na bPinsean a dhéileálann le faisnéis a sholáthar do choigilteoirí agus le bainistiú scéimeanna gairme. Is í an aidhm atá leis na forálacha seo an tomhaltóir a chosaint. Ní i gcónaí a bhíonn ionchúiseamh i gcásanna neamhghéilliúlachta oiriúnach, ach ní chiallaíonn sé seo go bhfuil an bonn á bhaint de thábhacht na bhforálacha seo ná den éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag droch-bhainistíocht agus ag faisnéis neamhleor ar ioncam scoir comhaltaí scéime.

Sochar sainithe

Ba é an 30 Meitheamh 2013 an spriocdháta a bhí ag go leor scéimeanna sochair shainithe lena bpleananna téarnaimh a chuir faoi bhráid na Bhoird lena bhfaomhadh. Ba ann don nós seo i ndiaidh na n-athruithe a rinneadh ar an gcaighdeán maoinithe in 2012.

Faoi dheireadh Aibreán 2014, léirigh 49% de na scéimeanna faoi réir an chaighdeáin mhaoinithe go raibh an caighdeán maoinithe á chomhlíonadh acu, agus bhí plean téarnaimh i bhfeidhm ag formhór na scéimeanna eile. Is ionann na gnóthachtálacha seo agus fianaise ar na tréaniarrachtaí atá á ndéanamh ag na hiontaobhaithe, agus ag comhaltaí agus fostóirí urraithe. Níl an oiread céanna scéimeanna foirceannta agus tá an caighdeán maoinithe á chomhlíonadh ag níos mó scéimeanna ná mar a raibh súil ag daoine leis, an Bord ina measc.

Faoi dheireadh Aibreán 2014, áfach, ní raibh a bpleananna téarnaimh chun déileáil leis an easnamh ina scéim féin curtha faoi bhráid an Bhoird ag 56 scéim. Faoi Acht na bPinsean, tá cumhachtaí ag an mBord i gcásanna dá leithéid, oibleagáid a chur ar iontaobhaithe sochair a laghdú nó, ó 2013 i leith, an scéim a fhoirceannadh. Ní úsáidfear na cumhachtaí seo ach amháin nuair is gá, ach tá oibleagáid dhlíthiúil ar an mBord maoirseacht a dhéanamh ar an gcaighdeán maoinithe, agus déanfaimid scrúdú, cás i ndiaidh cáis, ar na scéimeanna gan réiteach agus bainfimid úsáid as na cumhachtaí sin nuair is cuí.

Ní mór d'iontaobhaithe agus dá gcomhairleoirí a choinneáil i≈gcuimhne, áfach, nach ionann an caighdeán maoinithe a chomhlíonadh agus a chinntiú go mbeidh an scéim in ann na sochair gheallta a sholáthar. Is ionann an caighdeán maoinithe agus íoschaighdeán, agus tá na hoibleagáidí comhiomlána sócmhainneachta ar scéimeanna Éireannacha íseal i gcomparáid leis na caighdeáin i bhformhór na dtíortha eile. Tá iontaobhaithe freagrach as bainistíocht fhoriomlán airgeadais scéimeanna sochair shainithe, agus tá na scéimeanna seo róchasta do bheart aonair cosúil leis an gcaighdeán maoinithe ionas gur táscaire oiriúnach ar shláinte airgeadais a leithéid. Is iad an dá ní is mó imní don Bhord cibé an bhfuil tuiscint sách maith ag na hiontaobhaithe ar na rátaí toraidh nach mór dóibh a bhaint amach chun sochair a sholáthar do gach comhalta, agus cibé an bhfuil tuiscint sách maith ag iontaobhaithe ar fheasacht riosca agus an bhfuil próisis oiriúnacha bainistíochta riosca i bhfeidhm acu. Fianaise iad na sonraí is déanaí atá ar fáil ón mBord go bhfuil neamhréir leanúnach le sonrú idir sócmhainní agus dliteanais fhormhór na scéimeanna. Tá a leithéid de scéimeanna i mbaol titime i margaí cothromais: sa chás go dtarlaíonn a leithéid de thitim, ní léir conas a bheidh na scéimeanna in ann na sochair ar fad a íoc, go háirithe le comhaltaí níos óige.

Ranníocaíocht sainithe

Fianaise iad staitisticí comhaltachta scéime nach bhfuil formhór scéimeanna sochair shainithe san earnáil phríobháideach ag glacadh le comhaltaí nua agus tá an chosúlacht ar an scéal anois gur scéimeanna ranníocaíochta sainithe a bheidh i soláthar phinsean gairme na hearnála príobháidí amach anseo. Dá réir sin, is cuí go mbreathnófar anois ar chomh maith is atá ag éirigh le cur chuige reatha reáchtáil na scéimeanna RS seo. I measc na nithe sin atá ag déanamh imní dúinn tá na costais a bhíonn le n-íoc ag comhaltaí, go háirithe na comhaltaí atá páirteach i scéimeanna níos lú; roghanna agus mainneachtain infheistíochta; agus faisnéis faoi chomhaltaí. I bhfianaise na freagrachta maidir le cinntí a dhéanamh a bhíonn ar chomhaltaí RS, ní mór go mbeadh easpa tuisceana agus rannpháirtíochta comhaltaí ina lán scéimeanna ag déanamh imní dúinn.

Is ar an mbonn sin a bunaíodh an próiseas comhairliúcháin maidir le bainistíocht RS amach anseo, RS ar chuir an Bord tús leis i mí Lúnasa 2013. Cúis dóchais dúinn an t-ardleibhéal spéise agus rannpháirtíochta i measc páirtithe leasmhara a d'eascair as seo. Toradh amháin ar dócha a bheidh air ná moltaí maidir le hathrú rialála, ach tuigimid chomh maith céanna a úsáidí is atá tuilleadh treorach agus tacaíochta d'iontaobhaithe, agus tá tús curtha leis an obair seo cheana féin.

Iontaobhaithe

I dtuarascálacha bliantúla a cuireadh i dtoll a chéile roimhe seo agus in áiteanna eile nach iad, tharraing an Bord aird ar an ról fíorthábhachtach atá ag iontaobhaithe: ní i gcónaí a léirítear an meas cuí dá gcuid oibre nó freagrachtaí. Tá imní ar an mBord go leanúnach, áfach, maidir leis an tuiscint atá ag iontaobhaithe áirithe ar a ról agus freagrachtaí.

Sa chás, ar cibé cúis, nach féidir le hiontaobhaí a oibleagáidí mar iontaobhaí a chomhlíonadh, ba chóir dó seasamh siar agus deis a thabhairt do dhuine éigin eile freagracht a ghlacadh as an bhfreagracht thábhachtach seo. Níl iontaobhaithe agus a Riarthóirí Cláraithe ceaptha a dteipeann orthu ina ndualgas a chinntiú go bhfuil gach gné d'Acht na bPinsean á comhlíonadh ag a scéim i mbun a ndualgas a chomhlíonadh ar mhaithe le leas is fearr a gcomhaltaí scéime.

Gníomhaíocht agus comhairle beartais

Baineann roinnt mhaith castachtaí le pinsin, agus ar cheann de fhreagrachtaí an Bhoird tá cúnamh agus comhairle a sholáthar do gach duine a bhfuil baint acu le pinsin. Is é an toradh is sofheicthe den ghníomhaíocht seo an tseirbhís faisnéise, treorach agus fiosrúcháin a sholáthraímid don phobal agus dóibh siúd a bhfuil baint acu le pinsin.

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2013

Tá ról lárnach ag an mBord i saineolas faoi phinsin a sholáthar, agus tá obair fhoireann beartais, achtúireach agus dlí an Bhoird ag tacú le gníomhaíocht uile an Bhoird mar aon leis an gcomhairle, foirmiúil agus neamhfhoirmiúil, a sholáthraítear don Roinn Coimirce Sóisialaí. Bliain ghnóthach ba ea 2013 chomh fada is a bhaineann leis na réimsí oibre sin, agus táimid ag súil go bhfanfaidh cúrsaí mórán mar an gcéanna.

I rith 2013, lean an Bord ag cur go gníomhach le beartas rialála agus maoirseachta AE trí rannpháirtíocht san Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC). Cinntíonn ár rannpháirtíocht, mar rialtóirí, i ngníomhaíocht AE go mbímid ar an eolas maidir le hathruithe in aicearracht ar bheartas pinsin mar aon le deis a thabhairt dúinn foghlaim ó dhea-chleachtais eile agus dea-chleachtais a roinnt le húdaráis rialála eile ar fud na hEorpa.

In 2013 d'fhoilsigh ÚEÁPC clár poiblí de scéimeanna pinsean gairme Eorpacha, clár atá le fáil ar suíomh gréasáin ÚEÁPC www.eiopa.europa.eu. Tá faisnéis bhunúsach teagmhála maidir le scéimeanna pinsin Éireannacha níos mó le fáil sa chlár seo. Ón 31 Nollaig 2014, beidh an fhaisnéis chéanna maidir le gach scéim ghairme eile san áireamh sa chlár seo i.e. scéimeanna a bhfuil níos lú ná 100 comhalta gníomhach agus iarchurtha páirteach iontu.

An eagraíocht a bhainistiú

Tá fianaise le fáil i ráitis airgeadais an Bhoird d'easnamh de €237,000 do 2013 i gcomparáid le heasnamh buiséadaithe de €870,000. D'eascair an t-easnamh buiséadaithe as laghdú sna táillí do scéimeanna gairme in 2011, arb ionann é chomh maith agus fianaise ar chinneadh an Bhoird iarracht a dhéanamh a iarmhéid d'airgead i dtaisce carntha a laghdú, iarmhéid a carnadh le deich mbliana anuas. D'eascair na torthaí níos fearr ná mar a raibh súil leo in 2013 as roinnt fachtóirí: chaith an Bord níos lú ama ná mar a raibh gá leis ar chomhairleacht sheachtrach, agus bhí an líon foirne níos ísle ná mar a bhí siúl leis mar thoradh ar mhoill i bhfolúntais a líonadh tar éis iad a fhógairt.

Is é cúrsaí foirne an deacracht is mó atá le sárú ag an mBord. Ainneoin, go dtí seo, cead a bheith faighte ag an mBord don líon foirne a lorgaíodh, ciallaíonn na srianta a bhaineann le conas poist cheadaithe a líonadh go bhfuil go leor post fágtha gan líonadh ar feadh tréimhsí fada. Bhí tionchar aige seo ar an obair a bhí an Bord in ann a chur i gcrích.

Athrú ar an Údarás Pinsean

Mar atá mínithe in áiteanna eile sa doiciméad seo, ar an 7 Márta 2014, bunaíodh an Bord Pinsean a tháinig i gcomharba ar an Údarás Pinsean, agus is Údarás ar a bhfuil triúr comhaltaí atá anois ag feidhmiú in áit an bhoird ar a raibh suas le 17 comhalta. Is mian liom féin agus thar ceann na foirne, buíochas a ghabháil leis na comhaltaí boird atá ag éirí as a ndualgais as a dtacaíocht agus as maoirseacht stuama a dhéanamh ar ár gcuid oibre le blianta beaga anuas. Chinntigh cúlra ilghnéitheach na gcomhaltaí boird gur foinse luachmhar a bhí sa Bhord maidir le dearcthaí páirtithe leasmhara agus faisnéis maidir leis na ceisteanna ar fad a bhain le cúrsaí pinsin.

Beidh ról tábhachtach ag an gComhairle Pinsean nua amach anseo, go háirithe chomh fada is a bhaineann le hionadaíocht a dhéanamh ar pheirspictíocht an tomhaltóra, agus bainfidh tábhacht chomh maith céanna lenár gcaidreamh leis an gComhairle. Is mian liom tréaslú le Jim Murray as a cheapachán mar chathaoirleach ar an gComhairle agus táimid ag súil le bheith ag obair leis amach anseo.

Is mian liom buíochas a ghabháil le foireann an Bhoird as an obair iontach a rinne siad in 2013. Is iomaí dúshlán a bhí le sárú acu i rith na bliana ach d'éirigh leo a chinntiú gur fheidhmigh an eagraíocht go gairmiúil agus go héifeachtach i gcónaí.
I mBealtaine 2014, ag searmanas Ghradaim Dlí na hÉireann, bronnadh "Foireann Dlí Intí na Bliana" ar fhoireann dlí an Údaráis. Aitheantas atá sa ghradam seo ar barrfeabhas a bheith bainte amach ag foireann dlí intí, ón earnáil phoiblí nó phríobháideach, bunaithe ar an obair agus ar na seirbhísí a sholáthraíonn siad dá n-eagraíocht.

Arís eile, bhaineamar an-tairbhe as dea-chaidreamh oibre lenár gcomhghleacaithe sa Roinn Coimirce Sóisialaí, agus tá tuiscint rímhaith againn ar a thábhachtaí is atá an caidreamh sin chomh fada is a bhaineann lenár gcuspóirí comhpháirteacha a bhaint amach. I ndeireadh na dála, is mian liom tréaslú le Jane Williams, as a (h)(ath)ceapachán mar chathaoirleach ar an Údarás agus buíochas a ghabháil léi as an tacaíocht, dúshlán agus comhairle leanúnach.



Brendan Kennedy
Príomhfheidhmeannach

An Bord Pinsean

Seo a leanas comhaltaí an Bhoird Pinsean ag an 31 Nollaig 2013:

Jane Williams
Cathaoirleach
The Sia Group Limited
Ainmní an Aire Coimirce Sóisialaí
(tinreamh cruinnithe: 7/7)

Rosalind Briggs
Mercer
Ainmnithe ag Cumann Achtúirí na hÉireann
(tinreamh cruinnithe: 5/7)

Noreen Deegan
Friends First
Ainmnithe ag IBEC
(tinreamh cruinnithe: 7/7)

Kevin Finucane
Willis Ireland
Ainmnithe ag Cumann na nDlíodóirí Pinsean in Éirinn
(tinreamh cruinnithe: 7/7)

Brendan Johnston
Zurich Life Assurance plc
Ainmnithe ag Cónaidhm Árachais na hÉireann
(tinreamh cruinnithe: 5/7)

Patricia Murphy
Department of Social Protection
Ionadaí an Aire Coimirce Sóisialaí
(tinreamh cruinnithe: 6/7)

Terence Noone
Cuntasóirí Cairte DHKN
Ainmní an Aire Coimirce Sóisialaí
(tinreamh cruinnithe: 6/7)

David Owens
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
Ionadaí an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
(tinreamh cruinnithe: 7/7)

Emer O'Flanagan
O'Driscoll O'Neill Ltd
Ainmní an Aire Coimirce Sóisialaí
(tinreamh cruinnithe: 5/7)

Don O'Higgins
Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC)
Ainmnithe ag IBEC
(tinreamh cruinnithe: 6/7)

Phelim O'Reilly
Willis Ireland
Ainmnithe ag Cumann Cistí Pinsean na hÉireann
(tinreamh cruinnithe: 6/7)

Rachael Ryan
An Ceardchumann Seirbhísí, Tionsclaíoch, Gairmiúil agus Teicniúil
Ainmnithe ag Comhdháil Cheardchumann na hÉireann
(tinreamh cruinnithe: 6/7)

Mary Walsh
Cuntasóir Cairte
Ainmní an Aire Coimirce Sóisialaí
(tinreamh cruinnithe: 7/7)

Niall Walsh
Deloitte & Touche
Ainmnithe ag Coiste Comhairleach Comhlachtaí Cuntasaíochta in Éirinn
(tinreamh cruinnithe: 5/7)

Robin Webster
Age Action Ireland
Ainmní an Aire Coimirce Sóisialaí
(tinreamh cruinnithe: 6/7)

CEARTÚ

Is ann do bhotún cló ar leathanach 6 de Thuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2013. Luaitear gur fhreastail Phelim O'Reilly ar 6/7 de na cruinnithe, ach d'fhreastail sé ar 7/7 i ndáiríre. Ina theannta sin, luaitear gur fhreastail David Owen ar 7/7 de na cruinnithe, ach d'fhreastail sé ar 6/7 i ndáiríre.

Ag baint amach cuspóirí straitéiseacha an Bhoird

Leagann Straitéis an Bhoird Pinsean 2011-2015 amach sraith príomhspriocanna atá mar aidhm ag an mBord a bhaint amach trí na feidhmeanna rialála, faisnéise, sainchomhairle agus corparáideacha thar tréimhse na straitéise. Tá an doiciméad straitéise seo ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhoird.

Príomhspriocanna

Tacú le córas pinsean inbhuanaithe a sholáthróidh pinsin leordhóthanacha agus iontaofa do dhaoine scortha agus do dhaoine scothaosta agus a bhaineann amach cumhdach leathan. Tá sé mar aidhm ag an mBord é seo a bhaint amach trí:

1. leasanna chomhaltaí na scéime pinsean gairme agus sealbhóirí na gCuntas Coigiltis Scoir Pearsanta (CCSP) a chosaint trí mheán rialála éifeachtaí
2. moltaí beartais a fhorbairt agus tacú leis an Aire agus an Roinn Coimirce Sóisialaí agus ranna rialtais eile trí mheán ardchaighdeán comhairle beartais agus tacaíocht theicniúil
3. Faisnéis agus treoir ábhartha a sholáthar don phobal agus dóibh siúd atá gafa le pinsin

Ag cosaint leasanna na gcomhaltaí trí mheán rialála éifeachtaí

Ainneoin go bhféadfadh deacrachtaí a bheith ag baint le go leor gnéithe d'obair mhaoirseachta an Bhoird a thomhas go cainníochtúil, coinnítear taifead ar chigireachtaí, ionchúisimh, príomh-idirghníomhaíochtaí le scéimeanna agus le hiniúchtaí géilliúlachta agus déantar monatóireacht ar leibhéil ghníomhaíochta. Is dlúthchuid den phróiseas maoirseachta iad iniúchtaí mionsonraithe deasc-bhunaithe agus cigireachtaí ar an láthair. Is den tábhachtach é aird a tharraingt ar an bpointe, ainneoin go bhfuil an Bord ag súil le hardleibhéil riaracháin agus leibhéil ghéilliúlachta chomh hard céanna, nach bhfuil drogall ar bith ar an mBord a chumhachtaí faoin Acht a úsáid chomh fada is a bhaineann le cásanna neamhghéilliúlachta.

Tá obair rialála an Bhoird á treorú ag a tosaíochtaí riosca rud a chiallaíonn go mbeidh aird á díriú againn ar sháruithe a d'fhéadfadh a bheith níos tromchúisí. Mar sin féin, toisc go mbraitheann maoirseacht ar bheith in ann an fhaisnéis riachtanach a ghnóthú, rachfar sa tóir i gcónaí ar chásanna a bhaineann leo siúd atá gafa le scéimeanna pinsean agus go dteipeann orthu cloí lena gcuid freagrachtaí dlí i ndáil le faisnéis a sholáthar don Bhord.

Is iad tosaíochtaí riosca an Bhoird:

1. sócmhainní nó ranníocaíochtaí scéime nó CCSP á mídhílsiú
2. teidlíochtaí sochair á ríomh go mícheart
3. scéimeanna sochair shainithe á maoiniú go neamhleor
4. infheistiú míchuí á dhéanamh ar shócmhainní pinsean
5. eolas easnamhach tugtha do bhaill

Tá an Bord ag súil le heolas a fháil ar fhormhór na gcásanna neamhghéilliúlachta trína chuid gníomhaíochta maoirseachta réamhghníomhach féin agus trí mheán na faisnéise a soláthraíonn gairmithe pinsin. Leanfaidh an Bord ag freagairt do agus i mbun imscrúdaithe ar thuairiscí nó ar ghearáin ón bpobal, agus is foinse ríthábhachtach a leithéid chomh fada is a bhaineann le cúrsaí maoirseachta de.

Athbhreithniú straitéise lár téarma

Áirítear foráil i Straitéis 2011-2015 an Bhoird Pinsean d'athbhreithniú lár téarma curtha i gcrích ag an mBord i rith 2013. Thagair an Bord don tuairisc athbhreithnithe ag an gcruinniú boird a reáchtáladh ar an 14 Deireadh Fómhair 2013.

Bhí an t-athbhreithniú ag teacht le struchtúr na straitéise mar seo a leanas:

(a) rinneadh anailís athbhreithnithe ar an timpeallacht sheachtrach

(b) rinneadh athmhachnamh ar an misean agus ar na huaillmhianta sa Straitéis i bhfianaise na hanailíse timpeallachta

(c) cuireadh gníomhaíochtaí an Bhoird i láthair bunaithe ar chuspóirí agus ar uaillmhianta na Straitéise

(d) rinneadh gníomhaíochtaí an Bhoird a mheas de réir na spriocanna bliantúla.

Measúnú ar an athbhreithniú straitéise lár téarma

- Níl aon athrú sa bheartas Rialtais a bhfuil tionchar aige ar uaillmhianta fadtréimhseacha an Bhoird.
- Is é athbhunú an chaighdeáin mhaoinithe an t-athrú is suntasaí ó comhaontaíodh ar an straitéis. Tá an éiginnteacht reachtach atá fós ann, áfach, ag cur baic ar easnaimh SS a réiteach.
- Ba é an t-athrú is mó a d'fhéadfadh teacht ar phinsin ghairme in imeacht glúine dá gcuirfí tús le córas éigeantach nó uathoibríoch agus bheadh éifeacht shuntasach ag a leithéid ar ghníomhaíochtaí beartais agus rialála an Bhoird.

- Bíonn tionchar ag an staid gheilleagrach ar thoilteanas agus ar chumas daoine atá ag obair soláthar a dhéanamh dá scor. Ní mór dúinn a aithint chomh maith, áfach, gur bacainn shuntasach í an easpa muiníne sa luach a bhaineann le coigilteas pinsean.

Gníomhaíocht rialála an Bhoird Pinsean in 2013

Is éard atá sa roinn seo den Tuarascáil Bhliantúil anailís cháilíochtúil agus tráchtaireacht ar an dul chun cinn a rinneadh in 2013 bunaithe ar na táscairí agus ar na spriocanna a sonraíodh i Straitéis 2011-2015 an Bhoird Pinsean. I measc na dtáscairí seo tá sraith de tháscairí monatóireachta bliantúla a thomhaiseann gníomhaíocht agus aschuir an Bhoird mar aon le sraith de phríomhtháscairí feidhmíochta toradh-bhunaithe.[1]

Ionchúisimh

In 2013, tugadh 19 cás ionchúisimh chun críche. Rinne an Bord ciontuithe in 13[2] cás agus scriosadh amach nó foirceannadh 6 chás eile mar gheall ar íoc riaráistí.

Seo a leanas na ciontuithe a rinneadh sa 13 cás:

- bhain 8 gcás le hasbhaint agus gan ranníocaíochtaí a chur ar aghaidh chuig scéim (Alt 58A (1))
- bhain 5 chás le teip freagairt d'iarratas ar fhaisnéis ón mBord (Alt 18)

Bhain cásanna ionchúisithe ag an mBord in 2013 le hasbhaint agus gan ranníocaíochtaí pinsin fostóirí san earnáil tógála a chur ar aghaidh chuig Scéim Pinsin na nOibrithe Tógála (CWPS). Tugadh méadú sa líon ionchúiseamh faoi deara i mbliana, méaduithe a d'eascair as tuairiscí sceithireachta ó dhaoine eile, tuairiscí as a d'eascair ciontú amháin in 2013 agus seacht gcás bhreise a bheith á dtabhairt anonn go 2014.

Rinneadh ceann de na ciontuithe in 2013 i ndiaidh fhorghníomhú Barántas Gabhála Eorpaí, faighte ag an mBord roimhe sin. Ba ionann é seo freisin agus an chéad ionchúiseamh déanta ag an mBord in 2008 de bhua alt 58A den Acht. Cuireadh moill shuntasach ar imeachtaí sa chás seo ó tharla go raibh an dlínse fágtha ag an gcosantóir.

Cuireadh críoch le hionchúiseamh ar díotáil in 2013 i gceann de na cásanna seo. Gearradh téarma príosúin 18 mí ar fionraí ar an gcosantóir. Téarma a bhain leis an bhfionraí ba ea go n-íocfaí €20,000 le hiontaobhaí na scéime.

Chomh maith leis sin, in 2013 cuireadh trí chás eile ar aghaidh chuig an DPP lena n-ionchúiseamh ar díotáil in 2013.

1 Féach Aguisín II.
2 Féach Aguisín IV.

Ag deireadh na bliana, bhí 39 cás fós ar siúl trí na Cúirteanna Dúiche agus ba ann do thrí bharántas binse do dhaoine ar theip orthu a bheith i láthair i gcúirt ar scór toghairme. Tá trí chás eile á n-achomharc faoi láthair, cásanna atá le héisteacht sa Chúirt Chuarda in 2014.

Iniúchtaí

Cuireadh 26 cás nua d'asbhaint amhrasta agus ranníocaíochtaí pinsean nár chuir fostóirí san earnáil tógála ar aghaidh, faoi bhráid an Bhoird in 2013 i gcomparáid le 25 cás in 2012. Ó 2007 anonn, cuireadh 540 cás a líomhain asbhaint agus ranníocaíochtaí pinsean gan a bheith á gcur ar aghaidh chuig scéim na n-oibrithe tógála faoi bhráid an Bhoird. Cuireadh 37 cás d'asbhaint amhrasta agus ranníocaíochtaí pinsean gan a bheith á gcur ar aghaidh faoi bhráid an Bhoird i ndáil le scéimeanna pinsean gairme agus táirgí CCSP eile.

I gcaitheamh na bliana 2013, dúnadh 105 cás. Dúnadh cásanna ar roinnt cúiseanna, lena n-áirítear:

- a riaráistí a bheith á n-íoc ina n-iomláine ag fostóirí
- cásanna a measadh nach raibh oiriúnach le haghaidh ionchúisimh

In 2013 íocadh €700,948 de ranníocaíochtaí fostóra agus fostaí a bhí neamh-íoctha roimhe sin le scéim na n-oibrithe tógála mar thoradh ar idirghabháil an Bhoird.

Go dtí seo, tá luach na ranníocaíochtaí curtha ar ais i scéim na n-oibrithe tógála mar thoradh ar ghníomhaíocht an Bhoird cothrom le €7,982,205 ó Aibreán 2008 i leith.

Fíneálacha

I rith 2013, d'eisigh an Bord fíneálacha a raibh luach €36,000 luaite leo. Cuireadh na fíneálacha a íocadh leis an mBord ar aghaidh chuig an Státchiste.

Seo a leanas forais na bhfíneálacha sin:

- dhá scéim ar theip orthu nó a bhí mall ag soláthar teastas maoinithe achtúirigh.
- scéim amháin a bhí mall ag soláthar teastas maoinithe achtúirigh agus teastas cúltaca an chaighdeáin maoinithe.
- dhá scéim ar theip orthu spriocdhátaí reachtúla a chomhlíonadh i ndáil le hullmhú agus/nó nochtadh tuarascálacha bliantúla agus cuntas iniúchta.
- cuideachta amháin agus beirt stiúrthóirí, ar theip orthu freagairt d'iarratas reachtúil déanta ag an mBord de réir Alt 18(2)(c) d'Acht na bPinsean 1990.
- stiúrthóir cuideachta amháin, ar theip air freagairt d'iarratas reachtúil déanta ag an mBord de réir Alt 54(4)(c) d'Acht na bPinsean 1990.

Riarthóirí Cláraithe (RCanna)

Déanann an Bord measúnú ar leibhéil ghéilliúlachta leis an Acht trí phróiseas de rannpháirtíocht dhíreach le haonáin rialaithe agus a soláthraithe riaracháin. Ó 2010 i leith tá cigireachtaí ar an láthair á gcur i gcrích ag an mBord i ndáil le Riarthóirí Cláraithe mar chuid den phróiseas seo.

Mar toradh ar dhrochriarachán pinsean agus ar dhroch-choimeád taifead d'fhéadfadh go dtarlódh sé nach bhfaigheadh comhaltaí na sochair uile a bhfuil siad i dteideal a fháil, gan a bheith ar an eolas ina leith. Tá maoirseacht an Bhoird ar Riarthóirí Cláraithe thar ar bheith tábhachtach dá réir sin.

I rith 2013, rinne an Bord 21 imscrúdú ar RCanna. Tríd is tríd, measadh go raibh an leibhéal go maith agus go raibh feabhas suntasach le sonrú i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Ainneoin gur toradh dearfach é seo, tá sé beartaithe ag an mBord ardleibhéal gníomhaíochta sa réimse seo a chothú. Cuirfear tús le hathruithe i reáchtáil agus i mbéim chigireachtaí RC in 2014 d'fhonn a chinntiú go bhfuil an ghníomhaíocht riachtanach mhaoirseachta seo solúbtha agus ag teacht le taithí.

Tugadh laghdú sa líon RCanna faoi deara i rith na bliana mar gur chinn 19 RC gan a gclárúchán a athnuachan. Bhí 159 RC ar chlár an Bhoird ag deireadh na bliana agus níor diúltaíodh RC ar bith a athnuachan nó níor cuireadh srian ar ghníomhaíochtaí RC ar bith in 2013.

Iniúchtaí agus cruinnithe

Le linn 2013 thionóil an Bord 40 cruinniú le hiontaobhaithe, soláthraithe pinsean agus riarthóirí seirbhíse poiblí d'fhonn raon saincheisteanna géilliúlachta a phlé.

Is i bhfoirm cruinnithe aonair leis na haonáin seo ag áitreabh an Bhoird a tharlaíonn an idirghníomhaíocht seo agus deis a bhíonn sna cruinnithe céanna raon leathan saincheisteanna géilliúlachta a bhaineann leis an Acht a phlé. Aithnítear aon saincheisteanna imní don Bhord agus leagtar síos scála ama leis an ábhar a réiteach chun sástachta an Bhoird. Má thagann ábhair níos tromchúisí chun cinn thar tréimhse ama breathnóidh an Bord ar smachtbhannaí feiliúnacha faoin Acht.

Maoirseacht ar sholáthraithe CCSP

Ag deireadh na bliana bhí 16 soláthraí CCSP a raibh 130 táirge CCSP faofa ina leith ag an mBord agus na Coimisinéirí Ioncaim. Tá sonraí maidir leo seo le fáil ar an gclár soláthraithe agus táirgí CCSP ar shuíomh gréasáin an Bhoird.

Athbhreithníonn an Bord tuarascáil bhliantúil gach CCSP agus téann sé i mbun cainte le soláthraithe ábhartha agus a n-achtúire siúd chun aon mhion-sáruithe arna bhfógairt ina dtuarascálacha a réiteach. Sa chás go n-aithnítear aon ábhair imní don Bhord comhaontaítear scála ama agus plean ceartaitheach leis an soláthraí chun dul i ngleic le saincheisteanna dá leithéid. Más gá féadfaidh an Bord soláthraithe CCSP nach gcomhlíonann a gcuid oibleagáidí reachtúla a shrianadh nó a dhícháiliú.

In 2013 reáchtáil an Bord an chéad chuid d'iniúchadh ar ghéilliúlacht Sholáthraithe CCSP leis na riachtanais faoi Chuid X d'Acht na bPinsean i ndáil le muirir. Ní raibh aon torthaí suntasacha. Tabharfar faoin dara cuid den iniúchadh in 2014.

Ar an 15 Iúil 2011 cheap an Banc Ceannais cigirí ar Custom House Capital Limited chun imscrúdú a dhéanamh ar ghnóthaí an ghnólachta seo. Chuir an Bord, le héifeacht ón 15 Iúil 2011, faomhadh na dtrí tháirge CCSP a bhí á soláthar ag Custom House Capital Limited ar fionraí. Leanadh le himscrúdú an Bhoird ar Custom House Capital Limited agus ar a ghéilliúlacht leis an Acht agus le rialacháin ábhartha i rith 2013.

Iniúchtaí géilliúlachta ar oiliúint iontaobhaithe

I rith 2013 lean an Bord le hiniúchadh a dhéanamh ar ghéilliúlacht d'fhonn oiliúint fhoirmiúil a chur ar iontaobhaithe. Rinne an Bord iniúchadh foirmiúil ar líon scéimeanna a roghnaíodh go randamach a d'iarr ar iontaobhaithe a dhearbhú cibé an raibh nó nach raibh oiliúint iontaobhaithe mar atá riachtanach déanta acu agus an raibh sé taifeadta i dtuarascáil bhliantúil na scéime. Bhí oibleagáid ar iontaobhaithe cóip de thaifid dearbhaithe na hoiliúna iontaobhaí a chur faoi bhráid an Bhoird.

Ar an iomlán, bhí an t-iniúchadh sásúil chomh fada is a bhain le scéimeanna móra agus meánmhéide. Cúis imní don Bhord, áfach, an aird a bhí á tabhairt ag roinnt iontaobhaithe ar oibleagáidí géilliúlachta agus tuairiscithe scéimeanna beaga agus scéimeanna comhaltaí aonair.

Éilítear ar iontaobhaithe oiliúint a fháil laistigh de sé mhí ó thráth a gceapacháin agus ar a laghad gach dhá bhliain ina dhiaidh sin. Ní mór d'iontaobhaithe a gcuid géilliúlachta leis na hoibleagáidí seo a thuairisciú freisin i dtuarascáil bhliantúil a scéime. Leanfaidh an Bord le monatóireacht a dhéanamh ar ghéilliúlacht oiliúint iontaobhaithe.

Ballraíocht na scéimeanna pinsean gairme agus conarthaí CCSP

I rith 2013 laghdaigh líon comhaltaí gníomhacha scéimeanna pinsean gairme 12,249. Ag an 31 Nollaig 2013 bhí 748,371 comhalta páirteach i 62,121 scéim[3]. Bhí laghdú foriomlán de 20,627 i gcomhaltaí SS i gcomparáid le méadú de 8,378 i gcomhaltaí RS.

I rith 2013 mhéadaigh an líon conarthaí CCSP 8,956 lena n-áirítear 5,351 CCSP Caighdeánach agus 3,605 CCSP Neamhchaighdeánach.

An caighdeán maoinithe

Tá an Bord freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chumas scéimeanna sochair shainithe a dtiomantais a chomhlíonadh agus leagann an Bord béim ar leith ar na scéimeanna seo ó tharla fadhbanna maoinithe a bheith ag baint leo.

Ainneoin gur bhain scéimeanna sochair shainithe in easnamh, tairbhe i dtéarmaí ginearálta as torthaí infheistíochta níos fearr ná mar a raibh súil leo i rith 2013, bíonn níos lú sócmhainní ag scéimeanna dá leithéid ná mar a theastaíonn chun an caighdeán maoinithe a chomhlíonadh, agus éilítear orthu plean téarnaimh a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhoird, sa chás nach bhfuil a leithéid déanta acu cheana féin.

Tháinig Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Uimh 2) 2013 i bhfeidhm ar an 25 Nollaig 2013, rud ba chúis le hathruithe ar an ord tosaíochta foirceannta. Chomh maith leis sin, cuireann an tAcht leis an gcineál laghduithe sochair is féidir leis an mBord a stiúradh faoi alt 50 d'Acht na bPinsean 1990 do scéimeanna sochair shainithe. Tá nóta eolais foilsithe ag an mBord ar a shuíomh gréasáin, nóta ar a bhfuil faisnéis ghinearálta maidir leis na hathruithe a rinne Acht 2013 ar Acht na bPinsean 1990 arb í an aidhm atá leis cabhrú le hiontaobhaithe agus le comhaltaí scéime.

Tograí maoinithe

Éilíodh ar gach scéim sochair shainithe in easnamh togra maoinithe a chur faoi bhráid an Bhoird faoin 30 Meitheamh 2013. I rith 2013, cuireadh 122 togra maoinithe faoi bhráid an Bhoird (iarratais de réir alt 49(3B)) agus sonraíodh dáta níos déanaí i ndáil le 92 de na cásanna seo. Lorgaíodh tuilleadh soiléirithe i ndáil le 11 cás, aistarraingíodh iarratas amháin agus ag deireadh na bliana bhí an 18 iarratas á bpróiseáil ag an mBord.

Fuarthas 35 n-iarratas Alt 50. Astu seo, faomhadh 28 iarratas, aistarraingíodh iarratas amháin agus ag deireadh na bliana bhí an sé iarratas á meas ag an mBord.

An Scéim Íocaíochta um Dhócmhainneacht Pinsean (SÍDP)

Is scéim Státchiste costas-neodrach é an Scéim Íocaíochta um Dhócmhainneacht Pinsean a thairiscíonn íocaíochtaí speisialta i gcásanna ina bhfuil scéim pinsin sochair shainithe á foirceannadh in easnamh (ar bhonn íoschaighdeán maoinithe) agus go bhfuil an fostóir urraithe dócmhainneach – critéar na "dócmhainneachta dúbailte". I gcás scéimeanna ilfhostóra, ní mór go mbeadh na fostóirí ar fad dócmhainneach ionas go gcáileodh scéim don tacaíocht seo.

Cuireadh iarratas amháin faoi bhráid an Bhoird i rith 2013 agus deimhníodh go raibh an t-iarratas sin incháilithe lena meas faoin scéim agus cuireadh an t-iarratas faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don chéad chéim eile den phróiseas.

Blianachtaí flaithiúnais

Tugadh isteach reachtaíocht ag éascú tabhairt isteach na mblianachtaí flaithiúnais san Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2011. Is éard is blianacht fhlaithiúnais ann ná conradh blianachta eisithe ag cuideachtaí árachais ina mbíonn an íocaíocht ioncaim bhliantúil nasctha go díreach le híocaíochtaí faoi bhannaí eisithe ag Éire nó aon Bhallstát eile de chuid an AE (a bhfuil aithne orthu mar bhannaí tagartha).

D'eisigh an Bord eagrán nua de Threoir Reachtúil alt 42 ar an 14 Meitheamh 2013. Nuashonraíodh an treoir seo chun léargas a thabhairt ar ghluaiseacht i dtorthaí bannaí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar bhlianachtaí flaithiúnais a bheith in úsáid ag scéimeanna sochair shainithe.

In 2013, dheimhnigh an Bord dhá bheartas nua blianachta flaithiúnais. Ag deireadh 2013, bhí 3 bheartas blianachta flaithiúnais deimhnithe ann. Léirítear i dtuairiscí árachóirí gur cheannaigh 22 scéim blianachtaí flaithiúnais i rith 2013. Bhí méid iomlán na préimhe cothrom le breis is €400m a chiallaigh gurbh fhéidir pinsin a raibh luach de thart ar €30 milliún luaite leo a cheannach in aghaidh na bliana. Bhain na pinsin seo le breis is 1,700 comhalta scéime. Tá sonraí de sholáthraithe táirgí blianachta flaithiúnais uile ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhoird.

Cinntiúcháin

Faoi Acht na bPinsean, tá an chumhacht ag an mBord cinntiúcháin a bhfuil ceangal dlíthiúil leo a dhéanamh ar iarratas ó pháirtithe áirithe. Cuireann na cinntiúcháin seo ar chumas iontaobhaithe scéime sochair comhaltaí iarchurtha a aistriú chuig socruithe eile. In 2013, d'eisigh an Bord ceithre chinntiúchán reachtúla dá leithéid.

3 Féach Aguisín V áit a bhfuil eolas maidir leis an líon scéimeanna agus a gcomhaltacht faoi seach agus conarthaí CCSP i bhfeidhm amhail an 31 Nollaig 2013.

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2013

Athbhreithniú Breithiúnach

D'éirigh leis an mBord imeachtaí dlí ar Athbhreithniú Breithiúnach Ardchúirte a tógadh i gcoinne an Bhoird in 2013 a chosaint.

Tograí beartais a fhorbairt agus tacú leis an Aire agus an Roinn Coimirce Sóisialaí trí mheán ardchaighdeán comhairle beartais agus tacaíocht theicniúil

Soláthraíonn an Bord comhairle beartais don Aire agus don Roinn Coimirce Sóisialaí agus soláthraíonn Feidhmeannach an Bhoird tacaíocht theicniúil ar ábhair phinsean don Roinn agus do ghníomhaireachta eile an Rialtais. Is féidir an chomhairle seo a sholáthar trí thionscnamh an Bhoird nó ar iarratas ón Aire nó ón Roinn Coimirce Sóisialaí. Cuirtear faisnéis ar fáil don obair seo tríd an eolas gnóthaithe ag an mBord óna chuid gníomhaíochta rialála agus trí mheán monatóireachta agus anailíse leanúnaí ar threochtaí i bpinsin ghairme.

Áiríodh le gníomhaíocht na bliana 2013:

- seisiún comhairliúcháin a reáchtáil maidir le todhchaí sholáthar na bpinsean ranníocaíochta sainithe. Cuireadh críoch leis an bpróiseas comhairliúcháin i nDeireadh Fómhair 2013 agus foilsíodh achoimre ar na freagairtí i mí Feabhra 2014. Déanfaidh an Bord anailís ar na freagairtí a spreag an seisiún comhairliúcháin agus é mar aidhm tograí maidir leis an ábhar a chur faoi bhráid an Aire Coimirce Sóisialaigh in 2014.
- rannpháirtíocht leanúnach i dtionscadal a bhaineann le muirir phinsin. Bhí an tionscadal faoi cheannaireacht na Roinne Coimirce Sóisialaí le hionchur ón mBord agus ón mBanc Ceannais.
- an Bord ag cabhrú leis an Roinn Coimirce Sóisialaí i ndáil le hidirbheartaíochtaí rathúla ar threoir AE maidir le hinaistritheacht pinsean.

Beartas rialála agus maoirseachta AE

Chuir an Bord ar bhonn gníomhach le beartas rialála agus maoirseachta AE trí rannpháirtíocht san Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC). Lean an Príomhfheidhmeannach le cathaoirleacht a dhéanamh ar Choiste Pinsean Gairme (CPG) ÚEÁPC.

Ghlac an Bord páirt i bhfochoiste ÚEÁPC a dhréachtaigh rialachán AE maidir le tuairisciú bhallstáit AE faisnéis maidir le reachtaíocht pinsean stuamachta. D'fhorbair agus dhréachtaigh an fochoiste caighdeán ceangailteach teicniúil a éileoidh ar údaráis mhaoirseachta gach ballstát AE faisnéis maidir leis na dlíthe stuamachta a rialaíonn scéimeanna pinsean gairme ina stáit faoi seach a sholáthar do ÚEÁPC.

Chomh maith leis sin, bhí an Bord páirteach i bhfochoiste ÚEÁPC a raibh sé mar aidhm leis clár poiblí de scéimeanna pinsean gairme Eorpacha a bhunú. Tá an clár seo foilsithe ar shuíomh gréasáin ÚEÁPC anois www.eiopa.europa.eu. Tá eolas le fáil sa chlár maidir le scéimeanna pinsin Éireannacha níos mó.

De réir dhlí na hEorpa, éilítear ar an mBord Pinsean, cosúil le gach rialtóir pinsean Eorpach eile, eolas a sholáthar do ÚEÁPC atá riachtanach d'fhonn cur ar chumas ÚEÁPC a dhualgais a chomhlíonadh lena n-áirítear an clár poiblí thuasluaite d'fhorais a bhunú chun soláthar a dhéanamh do scor gairme. Ciallaíonn sé seo, ón 31 Nollaig 2013, go bhfuil an fhaisnéis seo a leanas maidir le scéimeanna pinsean gairme Éireannacha (seachas scéimeanna beaga – níos lú ná 100 comhalta gníomhach agus iarchurtha) curtha ar fáil don phobal:

- ainm agus seoladh na scéime
- cibé an bhfuil nó nach bhfuil an scéim ag feidhmiú mar scéim thrasteorann.

Ón 31 Nollaig 2014, beidh an fhaisnéis chéanna maidir le gach scéim ghairme eile san áireamh sa chlár seo i.e. scéimeanna a bhfuil níos lú ná 100 comhalta gníomhach agus iarchurtha páirteach iontu.

Tacaíocht Theicniúil

D'fhéadfadh reachtaíocht pinsin a bheith teicniúil agus casta. Dá thoradh sin, éilíonn aon athrú molta ar reachtaíocht pinsin, rialachán nó treoir obair agus eolas suntasach d'fhonn a chinntiú go bhfuil a leithéid comhsheasmhach leis an soláthar reatha agus nach mbíonn aon iarmhairtí neamhbheartaithe. Soláthraíonn an Bord comhairle agus tacaíocht theicniúil don Roinn Coimirce Sóisialaí go leanúnach. In 2013, chabhraigh sé leis an Roinn leis an reachtaíocht seo a leanas a ullmhú:

- An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Forálacha Ilghnéitheacha) 2013. Faoi réir an Achta seo bunaítear athruithe ar struchtúr an Bhoird agus tugtar cumhacht don Bhoird scéimeanna pinsin a fhoirceannadh in imthosca teoranta.
- An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2013. Faoin Acht seo bunaíodh forálacha le cabhrú le scéimeanna déileáil leis an ardú ar Aois an Phinsin Stáit.
- An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Uimh.2) 2013. Faoin Acht seo bunaíodh athruithe ar an ord tosaíochta foirceannta agus ar na meicníochtaí laghdaithe sochair is infheidhme maidir le scéimeanna sochair shainithe.
- Rialacháin um Chúlchistí Riosca, IR 175 de 2013. Forordaítear sna Rialacháin seo aicmí breise sócmhainní a bhféadfadh scéimeanna iad a chur san áireamh nuair a bhíonn méid nach mór a bheith i seilbh scéimeanna chun riachtanais an chúlchiste chaighdeánaigh maoinithe a chomhlíonadh á ríomh.

Chomh maith leis sin, sholáthair an Bord comhairle agus tacaíocht theicniúil don Roinn Coimirce Sóisialaí maidir le bearta an Achta Airgeadais a bunaíodh chun rochtain luath ar ranníocaíochtaí deonacha breise ó scéimeanna pinsin ar feadh tréimhse theoranta a éascú.

Faisnéis agus treoir ábhartha a sholáthar don phobal agus dóibh siúd atá gafa le pinsin

Oibríonn an Bord chun a sheasamh mar fhoinse neamhspleách, ábhartha agus iontaofa ar fhaisnéis phinsin a chothú agus a fheabhsú.

Tacaíonn an Bord le gníomhaíocht rialála trí sheirbhís chomhtháite faisnéise agus fiosrúcháin a sholáthar dóibh seo a leanas:

- baill den phobal, daoine a bhfuil agus nach bhfuil pinsin acu
- comhaltaí scéim pinsean gairme agus ranníocóirí CCSP
- iontaobhaithe scéime agus an tionscal pinsean
- na meáin, a théann i bhfeidhm ar dhreamanna éagsúla.

Dhéileáil an Bord le 7,366 fiosrúchán in 2013. Bhain formhór na bhfiosrúchán le hábhair i ndáil le nochtadh faisnéise, dualgas na n-iontaobhaithe, an caighdeán maoinithe agus CCSPanna. Déantar na fiosrúcháin uile a logáil ar bhunachar sonraí fiosrúcháin an Bhoird agus fágtar ar oscailt iad go dtí go mbaintear amach réiteach deiridh. Déanann an Bord monatóireacht ghéar ar aon treochtaí éiritheacha imníocha ag eascairt as fiosrúcháin ghinearálta.

Foilseacháin thábhachtacha

Soláthraíonn an Bord raon cuimsitheach ábhar faisnéise agus treorach saor in aisce atá nuashonraithe agus leasaithe ar bhonn rialta ionas go léirítear athruithe i reachtaíocht agus rialachán pinsean. Tá an fhaisnéis seo ar fáil saor in aisce ar shuíomh gréasáin an Bhoird.

Léiriúcháin phoiblí agus caidreamh leis na meáin chumarsáide

I rith 2013 d'fhreastail comhaltaí Boird ar 45 imeacht poiblí ar fud na tíre, mar aon le láithreoireacht a dhéanamh ag na himeachtaí sin, eisíodh 25 eisiúint nuachta agus déileáladh le breis is 100 fiosrúchán díreach ó na meáin. I rith na bliana, soláthraíonn an Bord faisnéis agus ailt oideachais agus ábhair fhógraíochta a thugann eolas do na meáin faoi gach rud a bhaineann le pinsin agus do raon cuimsitheach páirtithe leasmhara tomhaltóra agus tionscail. Lorgaíonn an Bord deiseanna sna meáin chumarsáide go rialta chun díospóireacht phoiblí ar shaincheisteanna pinsean a spreagadh.

Seirbhísí tacaíochta d'iontaobhaithe

Aithníonn an Bord an ról ríthábhachtach atá ag iontaobhaithe laistigh den chóras pinsean.

Faoin Acht, tá oibleagáid ar an mBord treoir a thairiscint d'iontaobhaithe agus soláthraíonn sé raon acmhainní le tacú le hiontaobhaithe lena n-áirítear:

- Lámhleabhar na nIontaobhaithe
- córas oiliúna r-fhoghlama na n-iontaobhaithe
- clár oiliúnóirí na n-iontaobhaithe.

Suíomh gréasáin an Bhoird

Tá an Bord ag leanúint le húsáid a bhaint as a suíomh gréasáin mar phríomh-ardán seachadta faisnéise agus gníomhaíochta cumarsáide ó tharla gurb é seo an úsáid is éifeachtúla agus is cost-éifeachtaí d'acmhainní. Soláthraíonn an Bord seirbhís nuachta saor in aisce trí chóras rabhaidh r-phoist óna shuíomh gréasáin.

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2013

Meithleacha oibre agus coistí an Bhoird

D'fhonn cuspóirí na straitéise a chomhlíonadh tá roinnt meithleacha oibre agus coistí bunaithe ag an mBord[4]. Díríonn na meithleacha oibre seo ar shaincheisteanna tosaíochta reatha maidir le pinsin, agus ar shaincheisteanna éiritheacha a bhfuil comhaontaithe ag an mBord gurb ionann iad agus na príomhréimsí nach mór béim agus aird a thabhairt orthu. Is iondúil gurb é sraith moltaí agus tograí a bhíonn le meas ag an mBord a bhíonn mar thoradh ar an obair.

I Meitheamh 2013 d'fhógair an tAire Coimirce Sóisialaí struchtúr athbhreithnithe a raibh Údarás Pinsean agus Comhairle Pinsean ina measc. Ó Mheitheamh 2013 anonn, tosaíodh ar obair na meithleacha oibre agus na gcoistí a laghdú.

Meitheal oibre sochair shainithe (SS)

(a tháinig le chéile uair amháin in 2013)

Is fóram é meitheal oibre SS ina ndéantar anailís agus ina bpléitear saincheisteanna a bhaineann go sonrach le pinsin SS.

Meitheal oibre ranníocaíochta sainithe (RS)

(a tháinig le chéile uair amháin in 2013)

Is fóram é meitheal oibre RS ina ndéantar anailís agus ina bpléitear saincheisteanna a bhaineann go sonrach le pinsin RS. Is í an aidhm atá leis na meithleacha oibre bunús a chur faoi sheasamh rialála an Bhoird maidir le pinsin RS agus cur le forbairt bheartas an Bhoird maidir le pinsin RS.

Coiste Airgeadais agus Iniúchta

(a tháinig le chéile sé huaire in 2013)

Is é an Coiste Airgeadais agus Iniúchta príomhchoiste rialachais an Bhoird agus is í an aidhm atá le hobair an choiste a chinntiú go bhfuil a oibleagáidí rialachais mar chomhlacht Stáit á gcomhlíonadh ag an mBord. San áireamh san obair seo tá maoirseacht agus measúnú leanúnach ar chórais rialachais chorparáidigh an Bhoird.

Grúpa comhairleach rialála (GCR)

(a tháinig le chéile uair amháin in 2013)

Is meitheal oibre straitéisí é an grúpa comhairleach rialála a bhfuil sé mar aidhm leis comhairle a chur ar an bPríomhfheidhmeannach, an Bord agus an grúpa athbhreithnithe rialála maidir le saincheisteanna prionsabail agus beartas rialála ginearálta. Ní thugann an grúpa comhairle maidir le cásanna sonracha.

Grúpa athbhreithnithe rialála (GAR)

(a tháinig le chéile seacht n-uaire in 2013)

Tá cleachtadh roinnt feidhmeanna rialála faoin Acht tarmligthe ag an mBord don Phríomhfheidhmeannach. D'fhonn maoirseacht rialála ar na feidhmeanna sin a chothabháil, éilítear ar an bPríomhfheidhmeannach dul i gcomhairle leis an ngrúpa athbhreithnithe rialála roimh chinneadh a dhéanamh feidhm rialála tarmligthe a chleachtadh i gcás ar leith.

San áireamh in obair an ghrúpa athbhreithnithe rialála tá cásanna sonracha a phlé agus é mar aidhm go mbeadh cinntí rialála á ndéanamh ag an bPríomhfheidhmeannach, go mbeadh smachtbhannaí á bhforchur nó go mbeadh imeachtaí dlí á dtionscnamh i gcásanna áirithe. I measc na gcásanna a raibh sé riachtanach comhairle an ghrúpa athbhreithnithe rialála a lorg ina leith bhí cásanna a bhain le faomhadh tograí maoinithe agus laghduithe sochair alt 50, fíneálacha ar an láthair a eisiúint, cinntí maidir lenár cheart nó nár cheart ionchúiseamh a thionscnamh, cinntí diúltú chun Riarthóir Cláraithe a chlárú nó a athnuachan agus úsáid bheartaithe aon cheann de chumhachtaí an Bhoird a éilíonn go gcuirfear iarratas faoi bhráid na hArd-Chúirte.

Coiste Luacha Saothair

(nár tháinig le chéile in 2013)

Socraíonn agus déanann an coiste athbhreithniú ar spriocanna feidhmíochta thar ceann an Phríomhfheidhmeannaigh. Ainneoin le blianta beaga anuas nach bhfuil aon nasc le haon mhéadú ar luach saothair, aontaíonn an Coiste agus an Príomhfheidhmeannach go bhfuil ról suntasach ag an bpróiseas i gcuspóirí agus i spriocanna an Bhoird a chomhlíonadh agus i gcuntasacht a bhaint amach.

Meithleacha oibre taighde agus cumarsáide

(a tháinig le chéile dhá uair in 2013)

Tá aird na meithle oibre taighde agus cumarsáide dírithe ar dhá ghné – plean cumarsáide a fhorbairt atá ag tacú leis hobair an Bhoird aird phobal na hÉireann a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann le sábháil don scor. Beidh an plean seo bunaithe ar thoradh an taighde iompraíochta, taighde a bhfuil sé mar aidhm leis tuiscint níos fearr a fháil ar dhearcadh tomhaltóirí Éireannacha maidir le pinsin agus coigilteas.

4 Féach Aguisín I áit a bhfuil sonraí maidir le comhaltacht gach grúpa.

Eagraíocht éifeachtúil a reáchtáil

Tá an Bord ar an eolas faoina chuid freagrachtaí mar ghníomhaireacht rialtais i ndáil le luach ar airgead agus éifeachtúlacht a ghnóthú agus a léiriú ina chuid gníomhaíochtaí uile. Déanann an Bord imscrúdú gníomhach agus téann sé sa tóir ar dheiseanna sábhála costais agus éifeachtúlachtaí, lena n-áirítear úsáid na seirbhísí comhroinnte agus an fhoinsithe allamuigh. Baineann an Bord an méid úsáide agus is féidir as ríomhtheicneolaíocht faisnéise chun éifeachtúlacht a fheabhsú agus gníomhaíocht rialála a dhíriú ar na réimsí sin is mó i mbaol.

Táillí scéim pinsean gairme agus CCSP

In 2013 bhailigh an Bord €3.18 milliún ó tháillí scéim pinsean gairme i gcomparáid le €3.23 milliún in 2012. Bhailigh an Bord €1.94 milliún in 2013 i ndáil le táirgí CCSP i gcomparáid le €1.68 milliún in 2012.

Acmhainní Daonna

Lean an Bord lena chláir oiliúna foirne in 2013 ionas go mbeadh ar chumas fostaithe déileáil le hathruithe sa réimse pinsean agus rialacháin. Aithnítear riachtanais eagraíochtúla, bainistíochta feidhmíochta aonair, oiliúna agus forbartha trí Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) an Bhoird. Déanann fostaithe iarracht ar bhonn leanúnach teacht ar bhealaí nua chun próisis ghnó agus seachadadh seirbhíse a fheabhsú.

Sláinte agus sábháilteacht

Tá an Bord tiomanta do thacaíocht a thabhairt do shláinte agus sábháilteacht a chuid fostaithe chomh maith le láthair oibre sábháilte a sholáthar. Déantar athbhreithniú leanúnach ar chleachtais Sláinte agus Sábháilteachta agus níor tuairiscíodh timpiste nó teagmhas ar bith i rith 2013.

Úsáid fuinnimh

In 2013 bhí tomhaltas iomlán fuinnimh an Bhoird cothrom le 151,450 kw uair leictreachais. Ó tharla go bhfuil an Bord lonnaithe i 10,600 troigh chearnach de spás oifige nua-aimseartha tíosach ar fhuinneamh i lár chathair Bhaile Átha Cliath, is beag scóip atá ann do laghduithe suntasacha ar bith eile in úsáid fuinnimh, ach leanfar le hathbhreithniú a dhéanamh air seo, áfach.

Íocaíochtaí prasa

Tá beartas íocaíochta 15 lá i bhfeidhm ag an mBord. Cuirtear tuairiscí ráithiúla maidir le híocaíochtaí prasa faoi bhráid na Roinne Coimirce Sóisialaí agus bíonn an fhaisnéis ar fáil ar ár suíomh gréasáin freisin.

Foireann an Bhoird Pinsean

Foireann an Bhoird amhail an 31 Nollaig 2013

Brendan Kennedy
Príomhfheidhmeannach

Mary Hutch
Ceannaire ar Pholasaí

Tom Dunphy
Ceannaire ar Ghéilliúlacht

Madeleine Delaney
Leancheannaire ar Ghéilliúlacht

Pat O'Sullivan
Ceannaire ar Mhaoiniú agus Achtúireach

Sylvia McNeece
Ceannaire ar Sheirbhísí Dlí
agus Corparáideacha

Grace Guy
Leascheannaire ar Sheirbhísí Dlí
agus Corparáideacha
(Rúnaí don Bhord)

David Malone
Ceannaire ar Oibríochtaí agus Cumarsáid

Príomhoifigigh Chúnta
Aideen Bugler
Eoin Cassells
Gerard Clarke
Catherine Goulding
Maura Howe
Thomas Kiely
Andrew Nugent
Cheryl Richardson
John Shanahan

Ardoifigigh Fheidhmiúcháin
Mary Broderick
Martin Buggy
Rachael Gleeson
Ciarán Holahan
Deirdre Kelly
Jo Kenny
John McCarthy
Paul Muldowney
Eimear Murphy
Kieran O'Dea

Oifigigh Fheidhmiúcháin
Sherry Bass
Valerie Christie
Maire Ni Fhiachain
Alison Flynn
Emily Keyes
Cathy Lynch
Catherine McAuley
Renée O'Reilly
Edel Stenson
Christina Winters

Oifigigh Chléireachais
Robert Bradley
Niamh Crowley
Marie Earley
Eileen Flynn
Emma Hunter
Lydia Leonard
Julie McCarthy
Maura Moroney

Ráitis airgeadais

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cúntas agus Ciste	17
Ráiteas ar fhreagrachtaí an Bhoird	19
Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais	20
Ráiteas na bpolasaithe cuntasaíochta	21
Cuntas ioncaim agus caiteachais	22
Clár comhardaithe	23
Ráiteas faoi shreabhadh airgid	24
Nótaí leis na ráitis airgeadais	25

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le Cur Faoi Bhráid Thithe an Oireachtais

An Bord Pinsean

Tá iniúchadh déanta agam ar na ráitis airgeadais de chuid An Bhoird Pinsean don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 faoi Acht na bPinsean, 1990. Cuimsíonn na ráitis airgeadais, atáthar tar éis a ullmhú de réir na bpolasaithe cuntasaíochta atá leagtha amach ann, ráiteas na bpolasaithe cuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an clár comhardaithe, an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Táthar tar éis na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a forordaítear faoi Alt 22 den Acht, agus i gcomhréir leis an gcleachtas cuntasaíochta a nglactar i gcoitinne leis in Éirinn.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad tuairisc fhíor agus chothrom ar staid ghnóthaí an Bhoird agus ar a ioncam agus a chaiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Táim freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus as tuairisciú a dhéanamh orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar mo chuid iniúchta le tagairt do na breithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh le Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a bhailiú faoi na suimeanna agus na nochtaí atá sna ráitis airgeadais, fianaise ar leor í chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíráiteas ábhartha, cibé mar gheall ar chalaois nó earráid é. Cuimsíonn sé sin measúnú ar

- cibé an bhfuil na polasaithe cuntasaíochta iomchuí do chúinsí an Bhoird, agus an bhfuil siad curtha i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach agus nochta go leordhóthanach
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmú,

agus

- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a ghnóthú maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcaitheamh iniúchta.

Sa bhreis air sin, léim an tuarascáil bhliantúil an Bhoird chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint. Má thugaim aon mhíráiteas nó neamhréireacht dealraitheacha ábhartha faoi deara, déanaim breithniú ar na himpleachtaí a bheadh ag a leithéid ar mo thuairisc féin.

Tuairim i leith na Ráiteas Airgeadais

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais, atá ullmhaithe de réir an chleachtais chuntasaíochta a nglactar leis go coitianta in Éirinn, léargas cruinn agus cothrom ar staid ghnóthaí an Bhoird ag 31 nollaig 2013 agus ar an ioncam agus caiteachas dá chuid don bhliain dar críoch ansin.

I mo thuairim, tá leabhair chuntais chearta coimeádta ag an mBord. Tá na ráitis airgeadais i gcomhaontú leis na leabhair chuntais.

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le Cur Faoi Bhráid Thithe an Oireachtais ar lean

Nithe a ndéanaim tuairisciú de réir eisceachta orthu

Tuairiscím de réir eisceachta sna cásanna seo a leanas

- mura bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a theastaigh uaim dom' iniúchadh faighte agam, nó
- thug m'iniúchadh aird d'aon ásc ábhartha nach raibh airgead á úsáid chun na críocha a leagadh síos ina leith nó nár ghéill idirbhearta do na húdaráis a bhí á rialú, nó
- mura bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dtuarascáil bhliantúil an Bhoird comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais ghaolmhara, nó
- mura léiríonn an ráiteas um rialú inmheánach airgeadais comhlíonadh an Bhoird leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- sa chás gur léir dom gur ann do nithe ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach a cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na nithe sin a thuairiscín de réir eisceachta orthu.

Patricia Sheehan
Le haghaidh agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Bealtaine 2014

Ráiteas ar fhreagrachtaí an Bhoird

Faoi Alt 22(1) d'Acht na bPinsean, 1990, arna leasú, tá sé de dhíth ar an mBord ráitis airgeadais a ullmhú ina leithéid de shlí gur féidir leis an Aire Coimirce Sóisialaí, le comhthoil an Aire Airgeadais, iad a fhaomhadh. In ullmhú na ráiteas airgeadais, éilítear ar an mBord:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin mura bhfuil sé oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Bord de bheith i bhfeidhm
- aon nochtaí ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choimeád, a nochtann le cruinneas réasúnta stádas airgeadais an Bhoird ag aon am agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 22(1) d'Acht na bPinsean, 1990, arna leasú. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní an Bhoird a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a aithint agus a chosc.

Jane Williams
Cathaoirleach

26 Bealtaine 2014

Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Freagracht as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais

Thar ceann an Bhoird, aithním ár bhfreagracht chun a chinntiú go bhfuil córas um rialú inmheánach airgeadais cuí á choimeád agus á fheidhmiú againn.

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach agus ní absalóideach a sholáthar go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a bhrath in achar tráthúil ama.

Príomh-nósanna imeachta rialaithe

Tá céimeanna tógtha ag an mBord chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú trí:

- freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir
- nósanna imeachta tuairiscithe a bhunú chun teipeanna suntasacha a rialú agus a chinntiú go gcuirtear gníomh ceartaitheach oiriúnach i bhfeidhm
- Coiste Airgeadais agus Iniúchta tiomnaithe a bhunú
- deighilt shoiléir fheidhmeanna an Bhoird agus an Fheidhmeannais
- Cód Iompraíochta do chomhaltaí Boird agus d'fhoireann an Bhoird a fhoilsiú
- iniúchóirí inmheánacha a cheapadh.

Tá próisis bunaithe ag an mBord chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí:

- trí nádúr, fairsinge agus an impleacht a d'fhéadfadh a bheith ag rioscaí a d'fhéadfadh a bheith le sárú ag an mBord a aithint, lena n-áirítear fairsinge agus catagóirí a measann an Bord a bheith inghlactha
- an dóchúlacht go dtarlóidh na rioscaí aitheanta a mheas
- measúnú a dhéanamh ar chumas an Bhoird na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú
- aird a thabhairt ar na costais a bhaineann le rialuithe ar leith i gcoibhneas leis an sochar faighte.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreatlach de bhainistíocht faisnéise rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus córas tarmligin agus freagrachta. Áirítear na nithe seo a leanas ach go háirithe:

- córas cuimsitheach buiséadaithe ag a bhfuil buiséad bliantúil, córas athbhreithnithe agus comhaontaithe ag an mBord
- athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag an Coiste Airgeadais agus Iniúchta agus ag an mBord ar thuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a thugann léargas ar fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí
- spriocanna a shonrú chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas
- iniúchtaí inmheánacha rialta.

Díreach mar a cuireadh i bhfeidhm i 2003, príomhghné maidir le heolas a thabhairt don Bhord faoi éifeachtúlacht an chórais inmheánach rialuithe airgeadais é an t-iniúchadh inmheánach. Feidhmíonn na hiniúchóirí inmheánacha de réir an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit. Cuirtear faisnéis ar fáil d'obair an iniúchta inmheánaigh trí anailís a dhéanamh ar an riosca a bhfuil an comhlacht nochta ina leith agus tá cleachtadh anailíse riosca iomlán curtha i gcrích ina leith sin.

Tá anailís riosca agus an t-iniúchadh inmheánach formhuinithe ag an gCoiste Airgeadais agus Iniúchta agus faofa ag an mBord.

Tá monatóireacht déanta ag an mBord sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013, trí ghníomhaíocht leanúnach an Choiste Airgeadais agus Iniúchta ar obair an Fheidhmeannais sa réimse rialaithe airgeadais. Rinne an coiste iniúchadh ar na gnéithe seo go háirithe:

- cuntais bhainistíochta rialta agus/nó tréimhsiúla do 2013, mar aon le hanailís agus míniú ar dhialltaí suntasacha ón mbuiséad
- clár riosca
- cuntais bhliantúla do 2012 agus míniú ar dhifríochtaí suntasacha
- buiséad bliantúil agus plean airgeadais do 2014
- athbhreithniú ar OPS agus ar tháillí CCSP

tuairiscí an iniúchta inmheánaigh.

Athbhreithniú bliantúil ar rialuithe

Dearbhaím, i ndáil leis an mbliain dár críoch 31 Nollaig 2013 go ndearna an tÚdarás athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais de rialú inmheánach airgeadais.



Jane Williams
Cathaoirleach

26 Bealtaine 2014

Ráiteas na bpolasaithe cuntasaíochta

Táthar tar éis na polasaithe cuntasaíochta seo a leanas a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach i ndéileáil le míreanna a nglactar leo mar nithe ábhartha i ndáil leis na ráitis airgeadais.

a) Bonn ullmhúcháin ráiteas airgeadais

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoi mhodh fabhraithe na cuntasaíochta agus faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil i bhfoirm atá faofa ag an Aire Coimirce Sóisialaí le comhthoil an Aire Airgeadais, de réir Alt 22(1) d'Acht na bPinsean, 1990, arna leasú.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais chomh maith de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar i gcoitinne leo in Éirinn, caighdeáin atá forbartha ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasaíochta. Tá na ráitis airgeadais tugtha i euro.

b) Ioncam táille

Léiríonn ioncam táille:

i) An méid a mheasann an Bord a bhaileofar i ndáil le Scéimeanna Pinsean Gairme sa bhliain. Tógann an meastachán seo aird ar fháltais airgid tirim agus seiceáiltear réasúntacht an fhigiúir seo i gcoinne an táille ioncaim ionchais bunaithe ar phróifíl ríomhairithe scéimeanna an Bhoird.

ii) Méideanna dlite i ndáil le táillí feidhmchláir, táirgí agus bliantúla gearrtha ar sholáthraithe Cuntais Choigiltis Scoir Phearsanta (CCSP). Ríomhtar táillí CCSP trí thagairt don líon táirgí cláraithe faofa agus do luach na gcistí faoi bhainistíocht an tsoláthraí ag deireadh na bliana roimhe sin.

c) Deontas Stáit

Léiríonn deontas Stáit an méid atá curtha ar fáil don bhliain ábhartha ag an Roinn Coimirce Sóisialaí chun:

- costas na sochar aoisliúntais atá íoctha ag an mBord a fhorchúiteamh
- cur le costais ábhartha eile.

d) Cúlchiste caipitiúil CCSP

Is ionann an cúlchiste seo agus luach neamh-amúchta an deontais Stáit a úsáidtear chun sócmhainní seasta a cheannach ábhartha do riarachán CCSP. Amúchtar an cúlchiste seo ar aon dul le dímheas na sócmhainní cuí faighte.

e) Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímheas

Tá sócmhainní seasta inláimhsithe léirithe mar chostas lúide dímheas carntha. Gearrtar dímheas ón gcuntas ioncaim agus caiteachais de réir méid chothroim ag na rátaí bliantúla atá leagtha amach anseo thíos, ionas gur féidir na sócmhainní a dhíscríobh, coigeartaithe do luach measta iarmharach, thar an saol úsáideach ionchais i ngach catagóir oiriúnach.

- Feabhsuithe léasachta 6⅔% – 15 bliain
- Trealamh ríomhaireachta 25% – 4 bliain
- Trealamh oifige 12½% – 8 mbliana
- Trealamh oifige 20% – 5 bliana

f) Léas oibríochta

Déileáiltear le híocaíochtaí cíosa sa chuntas ioncaim agus caiteachais sa bhliain lena mbaineann siad.

g) Aoisliúntas

I bhfianaise na socruithe, a bhfuil cur síos déanta orthu i nóta 18, atá curtha i bhfeidhm ag an mBord i ndáil le Scéim Aoisliúntais an Bhoird Pinsean, 1993; an Scéim Pinsin Ranníocaigh do Chéilí agus Leanaí, 1993 agus an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair atá á tairiscint aige d'fhostaithe, tá an Bord den tuairim nach bhfuil forálacha Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17, Cuntasaíocht do Shochair Scoir i ndáil le cuntasaíocht do dhliteanais phinsin a thagann chun cinn faoi scéimeanna sochair shainithe, infheidhme.

Dá réir sin, gearrann an Bord ranníocaíochtaí fostóra i ndáil le hioncam agus caiteachas sa bhliain amhail is dá mba scéim shochair shainithe a bhí i gceist sa scéim.

Cuirtear íocaíochtaí sochair aoisliúntais san áireamh mar mhír caiteachais agus léirítear é mar chomh-ioncam a sheasann d'aisghabháil íocaíochtaí ón Roinn Coimirce Sóisialaí.

h) Cúlchiste forfheidhmithe géillte

De bhrí gurb é an Bord Pinsean an comhlacht rialála reachtúil atá freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na n-iontaobhaithe scéime le forálacha Acht na bPinsean, 1990, arna leasú, agus a chur i bhfeidhm, d'fhéadfadh go mbeadh gá ag an mBord le caingean dlí ó am go ham.

I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh costais suntasacha a bheith i gceist don Bhord de bharr a leithéid de chaingean. Ní féidir a réamh-mheas roimh ré cén uair a thiocfadh a leithéid de chásanna chun cinn ná an leibhéal costais a thiocfadh astu, ach measann an Bord gur den chríonnacht é a chinntiú go bhfuil go leor acmhainní ar fáil agus a leithéid de chostais a leathadh amach thar roinnt blianta.

Dá réir sin tá méideanna á tharchuir ón gcuntas ioncaim agus caiteachais go dtí an cúlchiste forfheidhmithe géillte nuair a bhraitear go bhfuil sé sin riachtanach.

Cuntas ioncaim agus caiteachais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013

	Nótaí	2013 €	2012 €
Ioncam			
Táillí na scéime pinsin ghairme		**3,179,136**	3,232,268
Táillí Cúntas Coigiltis Scoir Phearsanta		**1,938,596**	1,680,721
Deontas Stáit maidir le:			
Íocaíochtaí pinsean le comhaltaí foirne scortha		**220,703**	295,821
Costais Fheachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean		**–**	400,000
Ioncam eile	*1*	**95,217**	228,909
Ioncam iomlán		**5,433,652**	5,837,719
Tarchur (ó) chúlchiste caipitil CCSP	*14*	**26,773**	26,851
		5,460,425	5,864,570
Caiteachas			
Tuarastail, pinsin agus costais ghaolmhara	*2*	**3,717,641**	3,993,583
Táillí agus costais de chuid baill an Bhoird	*4*	**88,920**	91,077
Costais cíosa agus costais oifige	*5*	**723,399**	743,397
Costais oiliúna, oideachais agus costais foirne gaolmhara	*6*	**122,671**	122,690
Faisnéis, taighde agus poiblíocht	*7*	**133,732**	284,589
Táillí comhairleachta agus táillí gairmiúla eile	*8*	**221,512**	697,135
Riarachán ginearálta	*9*	**414,258**	390,214
Dímheas	*10*	**274,793**	279,730
Caiteachas iomlán		**5,696,926**	6,602,415
(Easnamh) don bhliain		**(236,501)**	(737,845)
Cúlchiste ioncaim amhail an 1 Eanáir		**6,087,195**	6,825,040
(Easnamh) don bhliain		**(236,501)**	(737,845)
Cúlchiste ioncaim amhail an 31 Nollaig		**5,850,694**	6,087,195

Ní raibh aon ghnóthachain nó caillteanais ag an mBord sa bhliain airgeadais nó sa bhliain airgeadais roimhe sin seachas na cinn sin a ndéileáiltear leo sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Baineann torthaí na bliana le hoibríochtaí leanúnacha.

Tá an ráiteas ar pholasaithe cuntasaíochta, ráiteas faoi shreabhadh airgid agus Nótaí 1 go 23 ina bpáirt de na ráitis airgeadais seo.

Jane Williams
Cathaoirleach

Brendan Kennedy
Príomhfheidhmeannach

26 Bealtaine 2014

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2013

Clár comhardaithe

amhail an 31 Nollaig 2013

	Nótaí	2013 €	2013 €	2012 €	2012 €
Sócmhainní seasta					
Sócmhainní inláimhsithe	*10*		**355,356**		619,515
Sócmhainní reatha					
Féichiúnaithe	*11*	**466,989**		555,868	
Banc	*17*	**6,802,316**		6,831,731	
		7,269,305		7,387,599	
Fiachais reatha					
Creidiúnaithe (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)	*12*	**217,936**		337,115	
Glansócmhainní reatha			**7,051,369**		7,050,484
Iomlán na sócmhainní			**7,406,725**		7,669,999
Maoinithe ag					
Cúlchiste forfheidhmithe comhlíonta	*15*	**1,500,000**		1,500,000	
Cúlchiste caipitil CCSP	*14*	**56,031**		82,804	
Cúlchiste ioncaim		**5,850,694**		6,087,195	
			7,406,725		7,669,999

Tá an ráiteas ar pholasaithe cuntasaíochta, ráiteas faoi shreabhadh airgid agus Nótaí 1 go 23 ina bpáirt de na ráitis airgeadais seo.

Jane Williams
Cathaoirleach

Brendan Kennedy
Príomhfheidhmeannach

26 Bealtaine 2014

Ráiteas sreabhaidh airgid

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013

	Notaí	2013 €	2012 €
Ráiteas sreabhaidh airgid			
Glan (eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	*16*	**(143,059)**	(737,652)
Torthaí ar infheistíochtaí agus fónamh ar airgeadas			
Ús faighte		**147,908**	187,632
Caiteachas caipitil			
Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a ghnóthú		**(34,264)**	(268,246)
Fáltais ar dhíolachán sócmhainní seasta inláimhsithe		**–**	900
Bainistiú acmhainní leachtacha			
(Méadú)/laghdú i dtaiscí gearr-théarmacha		**(13,506)**	649,635
(Laghdú) ar airgead tirim		**(42,921)**	(167,731)
Imréiteach an tsreafa airgid ghlan le gluaiseacht i nglanchistí	*17*		
(Laghdú) in airgead tirim sa bhliain		**(42,921)**	(167,731)
Méadú/(laghdú) in dtaiscí gearrthéarmacha		**13,506**	(649,635)
Gluaiseacht i nglanchistí sa bhliain		**(29,415)**	(817,366)
Glanchistí ag 1 Eanáir		**6,831,731**	7,649,097
Glanchistí ag 31 Nollaig		**6,802,316**	6,831,731

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2013

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013

1. Ioncam eile

	2013 €	2012 €
Ioncam úis	**89,948**	220,339
Costais na cúirte	**5,029**	6,950
Ioncam ilghnéitheach	**240**	1,620
	95,217	228,909

2. Costais na bhfostaithe

Bhí an meánlíon fostaithe coibhéis lánaimseartha i rith na bliana cothrom le 47, (2012, 48) agus bhí an Creat Rialaithe Fostaíochta (CRF) cothrom le 50 ag deireadh 2013 (2012, 50). Seo a leanas mar a bhí na costais chomhiomlána fostaithe agus ghaolmhara:

	2013 €	2012 €
Tuarastail	**2,609,374**	2,745,486
Ranníocaíochtaí aoisliúntais fostóra[1]	**650,562**	710,814
Ranníocaíochtaí ÍMAT an fhostóra	**221,295**	234,029
Sochair aoisliúntais iníoctha	**220,703**	295,821
Foireann Chonartha – ginearálta	**15,707**	7,433
	3,717,641	3,993,583

[1] *Féach nóta 18.*

3. Luach Saothair an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin

	2013 €	2012 €
Tuarastal	**148,710**	153,885
Ranníocaíocht aoisliúntais an fhostóra	**37,178**	38,471
	185,888	192,356

Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin an Phríomhfheidhmeannaigh na teidlíochtaí caighdeánacha a sholáthraítear i scéim eiseamláireach um aoisliúntas sochair shainithe na hearnála poiblí.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ar lean

4. Táillí agus costais de chuid baill an Bhoird

	2013 €	2012 €
Táillí	**88,920**	90,203
Costais[2]	**–**	874
	88,920	91,077

[2] *Taisteal intíre agus cothabháil a bhaineann le costais taistil a eascraíonn as freastal ar chruinnithe.*

Táillí Boird

Ainm	2013 €	2012 €
Jane Williams – Cathaoirleach	**11,970**	11,970
Noreen Deegan	**7,695**	7,695
Brendan Johnston	**7,695**	7,695
Terence Noone	**7,695**	7,695
Emer O'Flanagan	**7,695**	7,695
Rosalind Briggs	**7,695**	7,695
Don O'Higgins	**7,695**	7,695
Phelim O'Reilly	**7,695**	7,695
Rachael Ryan	**–**	1,283
Mary Walsh	**7,695**	7,695
Niall Walsh	**7,695**	7,696
Robin Webster	**7,695**	7,695
	88,920	90,203

5. Costais cíosa agus costais oifige

	2013 €	2012 €
Cíos	**554,897**	560,042
Táille seirbhíse	**39,899**	45,665
Rátaí	**61,068**	61,379
Leictreachas	**30,160**	32,076
Glanadh	**21,164**	22,314
Cothabháil ghinearálta	**10,412**	16,170
Stóras seachtrach	**5,799**	5,751
	723,399	743,397

Áitíonn an Bord áitreabh oifige i dTeach Verschoyle, Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, faoi léas 25 bliain, léas ar cuireadh tús leis ar 16 Lúil 2001.

6. Costais oiliúna, oideachais agus costais foirne gaolmhara

	2013 €	2012 €
Traenáil agus oideachas	**94,225**	95,930
Costais i ndáil leis an bhfoireann[3]	**28,446**	26,760
	122,671	122,690

[3] *Lena n-áirítear costais cheaintín, ranníocaíochtaí don chlub spóirt agus sóisialta foirne agus gníomhaíochtaí eile.*

7. Faisnéis, taighde agus poiblíocht

	2013 €	2012 €
Fógraíocht agus gníomhaíochtaí feasachta	**81,417**	219,707
Priontáil, foilseacháin agus suíomh gréasáin	**28,533**	41,631
Taighde	**23,782**	23,251
	133,732	284,589

8. Táillí comhairleachta agus táillí gairmiúla eile

	2013 €	2012 €
Comhairle dlí	**77,756**	359,958
Imscrúduithe agus tacaíocht chomhlíonta	**10,957**	32,910
Forbairt tionscadail	**22,650**	189,343
Comhairleacht taighde	**32,472**	32,472
Táillí iniúchóireachta inmheánacha	**8,106**	19,065
Táillí iniúchóireachta reachtúla	**16,300**	14,100
Comhairleacht earcaíochta	**5,640**	7,056
Faisnéis agus caidrimh phoiblí	**1,230**	5,166
Táillí comhairleachta teicniúla/pinsean	**–**	6,150
Eile	**46,401**	30,915
	221,512	697,135

9. Riarachán ginearálta

	2013 €	2012 €
Costais páipéarachais agus riaracháin	**53,231**	58,735
Suibscríbhinní corparáideacha	**106,579**	72,838
Guthán agus postas	**35,044**	42,834
Cothabháil ríomhairí agus tomhaltáin	**120,089**	113,562
Taisteal agus cothabháil[4]	**45,026**	49,479
Árachais	**50,503**	49,209
Ús agus táillí	**3,786**	3,557
	414,258	390,214

[4] *San áireamh sna costais taistil agus chothabhála bhí:*
- *Taisteal coigríche, €35,986*
- *Costais an Phríomhfheidhmeannaigh (taisteal coigríche den chuid is mó), €11,444, (2012, €16,567).*

Bhain taisteal coigríche le rannpháirtíocht an Bhoird i ngníomhaíocht rialála agus maoirseachta AE go háirithe freastal ar chruinnithe an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) agus idirbheartaíochtaí maidir le dréacht-treoir pinsean an AE (bainteach le hUachtaránacht na hÉireann ar an AE).

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ar lean

10. Sócmhainní seasta inláimhsithe

	Feabhsuithe léasacha	Trealamh ríomhaire	Troscán oifige	Trealamh Oifige	Iomlán
	€	€	€	€	€
Costas nó Luacháil					
Amhail an 1 Eanáir 2013	1,163,434	1,067,919	208,855	80,663	2,520,871
Breiseanna sa bhliain	–	4,789	5,482	363	10,634
Diúscairtí sa bhliain	–	(15,455)	(3,636)	(4,934)	(24,025)
Amhail an 31 Nollaig 2013	**1,163,434**	**1,057,253**	**210,701**	**76,092**	**2,507,480**
Dímheas Carntha					
Amhail an 1 Eanáir 2013	914,699	733,087	197,767	55,803	1,901,356
Táille don bhliain	77,562	182,024	3,727	11,480	274,793
Diúscairtí sa bhliain	–	(15,455)	(3,636)	(4,934)	(24,025)
Amhail an 31 Nollaig 2013	**992,261**	**899,656**	**197,858**	**62,349**	**2,152,124**
Glanluach Leabhair					
Amhail an 31 Nollaig 2012	248,735	334,832	11,088	24,860	619,515
Amhail an 31 Nollaig 2013	**171,173**	**157,597**	**12,843**	**13,743**	**355,356**

11. Féichiúnaithe

	2013	2012
	€	€
Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin:		
Ioncam táille	**361,356**	370,000
Ús fabhraithe infhaighte	**48,566**	106,527
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe	**33,042**	57,284
Féichiúnaithe eile	**24,025**	22,057
	466,989	555,868

12. Creidiúnaithe

	2013	2012
	€	€
Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin:		
Fabhruithe creidiúnaithe	**120,696**	205,823
Fabhruithe caipitil	**363**	23,993
Creidiúnaí cánach	**85,830**	91,505
Creidiúnaí na Roinne Coimirce Sóisialaí[5]	**6,000**	6,000
Creidiúnaithe trádála	**5,047**	9,794
	217,936	337,115

[5] *Bainteach le fineálacha ar an láthair. I rith 2013, d'eisigh an Bord fineálacha a raibh luach €36,000 luaite leo. Déantar fineálacha a íoctar leis an mBord a chur ar aghaidh chuig an Státchiste.*

13. Ceangaltais airgeadais

(i) Gealltanais chaipitiúla

Bhí luach na gceangaltas caipitil a rabhthas páirteach iontu a bhí gan íoc ag an 31 Nollaig 2013 cothrom le €39,237 (CBL san áireamh).

(ii) Léasanna oibríochta

Bhí tiomantais iníoctha ag an mBord sa 12 mhí amach romhainn faoi léasanna oibríochta neamh-incheallaithe:

	2013	2012
	€	€
Léas ar chóiríocht oifige		
Ag dul in éag tar éis cúig bliana	**555,000**	555,000

14. Cúlchiste caipitil CCSP

	2013	2012
	€	€
Ag tús na bliana	**82,804**	109,655
Aistriú chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais		
Amúchadh - gnóthaithe an bhliain roimhe	**(26,773)**	(26,851)
Ag deireadh na bliana	**56,031**	82,804

15. Cúlchiste forfheidhmithe comhlíonta

	2013	2012
	€	€
Ag tús agus deireadh na bliana	**1,500,000**	1,500,000

16. Imréiteach (easnamh) don bhliain chuig airgead glan (eis-sreabhadh) ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

	2013	2012
	€	€
(Easnamh) don bhliain	**(236,501)**	(737,845)
Míreanna neamh-oibriúcháin		
Ús faighte	**(147,908)**	(187,632)
Gnóthachan ar dhiúscairt sócmhainní seasta	**–**	(900)
Míreanna neamh-airgid		
Tarchur (ó) chúlchiste caipitil CCSP	**(26,773)**	(26,851)
Dímheas	**274,793**	279,730
Laghdú/(méadú) i bhféichiúnaithe	**88,879**	(27,826)
(Laghdú) i gcreidiúnaithe neamhchaipitiúla	**(95,549)**	(36,328)
Glan (eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	**(143,059)**	(737,652)

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ar lean

17. Anailís ar athruithe i nglanchistí

	Amhail an 1 Eanáir 2013 €	Sreabhadh airgid sreabhadh €	Amhail an 31 Nollaig 2013 €
Airgead tirim sa Bhanc agus ar láimh	525,202	(42,921)	**482,281**
Taiscí gearrthéarmacha	6,306,529	13,506	**6,320,035**
	6,831,731	(29,415)	**6,802,316**

18. Láimhseáil cuntasaíochta do shochair scoir[6]

Tá an Bord i mbun na scéimeanna pinsean sochair shainithe seo a leanas a riaradh thar ceann a fhostaithe:

D'fhostaithe ceaptha roimh an 1 Eanáir 2013;

- Scéim Aoisliúntais an Bhoird Pinsean, 1993 agus Scéim Pinsin Ranníocaigh do Chéilí agus Leanaí, 1993 (is bunaithe ar Shamhail thraidisiúnta na Seirbhíse Poiblí atá struchtúr na scéime)

D'fhostaithe ceaptha i ndiaidh an 1 Eanáir 2013;

- Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (soláthraíonn an struchtúr seo pinsin sochair shainithe nasctha le praghsinnéacs tomhaltóirí bunaithe ar an meántuarastal a bhain an duine amach i gcaitheamh a shaoil oibre)

Is scéimeanna reachtúla neamhchistithe iad na scéimeanna a bhfuil sochair phinsin iníoctha ina leith faoi na scéimeanna atá á maoiniú ag an Státchiste.

Ina theannta sin, tá roinnt tréithe sainiúla luaite le socruithe an Bhoird:

- déanann an Bord ranníocaíocht chomhaontaithe leis an Roinn Coimirce Sóisialaí (don scéim Samhla) agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (don scéim Aonair);
- áirítear gné fostaí mar aon le gné fostóra sa ranníocaíocht a bhaineann leis an dá scéim. Tá ranníocaíocht an fhostóra cothrom le 25% de phá comhlán d'fhostaithe a bhfuil ÍMAT ag ráta A á íoc acu agus 30% de phá comhlán d'fhostaithe a bhfuil ÍMAT ag ráta D á íoc acu agus is é an Bord a íocann as; agus
- tá gealltanas follasach tugtha ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, le comhaontú na Roinne Airgeadais, go n-íocfaidh an Státchiste costas na sochar nuair a bhíonn siad dlite.

Measann an Bord go bhfuil an éifeacht airgeadais chéanna, ó thaobh an Bhoird de, ag a chuid socruithe pinsean mar atá luaite thuas le scéim ranníocaíochta sainmhínithe. Measann sé nach bhfuil forálacha an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais 17, Cuntasaíocht do Shochair Scoir, a eascraíonn ó scéimeanna sochair shainithe oiriúnach. Dá réir sin déanann sé cuntasaíocht dá ranníocaíocht amhail is dá mba scéim ranníocaíochta sainithe a bhí i gceist sa scéim.

6 *Féach nóta 2.*

Seo a leanas na hasbhaintí agus ranníocaíochtaí iomlána aoisliúntais a cuireadh ar ais chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe:

	2013 €	2012 €
Gnáth-ranníocaíochtaí an fhostóra[7]	**674,543**	719,750
Gnáth-ranníocaíochtaí an fhostaí	**135,367**	141,704
Asbhaint pinsean-coibhneasa[8]	**178,187**	184,779
	988,097	1,046,233

7 *Lena n-áirítear ranníocaíochtaí de €23,981 (2012, €8,936) maidir le fostaí ar iasacht.*

8 *Asbhainte ó bhaill foirne agus tarchurtha chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí de bhua an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail, 2009.*

19. Comhaltaí boird – nochtadh idirbheart

Tá Cód Iompair Ghnó i bhfeidhm ag an mBord le haghaidh fostaithe agus baill an Bhoird faoi réir an Chóid Chleachtais le haghaidh Rialachas na gComhlachtaí Stáit. Áiríonn an cód seo treoir a bhaineann le nochtadh leasa bhaill an Bhoird agus chloígh an Bord leis na nósanna imeachta seo i rith na bliana. Ó am go ham baineann an Bord leas as seirbhísí comhairligh seachtracha atá cáilithe go cuí chun tascanna a chur i gcrích le cabhrú leis an mBord a chuid oibre a dhéanamh. Tá a leithéid de shocruithe conartha faoi réir ghnáth-nósanna imeachta tairisceana, atá i bhfeidhm ar fud na seirbhíse poiblí. Is cinneadh gnó don Bhord é conradh a bhronnadh d'aon tionscadal ag tabhairt aird ar riachtanais na hoibre atá le déanamh. I bhfianaise nádúr a chuid oibre is féidir leis an mBord dul i mbun socruithe conartha le gealltanais ina bhfuil comhaltaí Boird fostaithe nó ina bhfuil suim eile acu.

I rith 2013 bhí €10,209 (CBL san áireamh) iníoctha le tríú páirtithe a raibh leas ag comhaltaí Boird iontu. Bhain €5,904 le conradh amháin le Attain Consulting, gnólacht a bhfuil Phelim O'Reilly, comhalta Boird (go dtí an 6 Márta 2014), fostaithe aige. Ghnóthaigh Willis Ireland Attain le héifeacht ón 29 Bealtaine 2012. Is fostaithe de chuid Willis Ireland iad Kevin Finucane agus Phelim O'Reilly, comhaltaí Boird (go dtí 6 Márta 2014). Íocadh suim €4,305 i ndáil le conradh amháin le Willis Ireland.

20. Cánachas

Tá an Bord díolmhaithe ó Cháin Chorparáide faoi Alt 220 d'Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

21. Figiúirí comparáideacha

Tá roinnt athruithe déanta ar chur i láthair míreanna sna ráitis airgeadais agus tá na figiúirí comparáideacha athaicmithe, áit ar gá, comhsheasmhach le cur i láthair na bliana reatha.

22. Athrú ainm

Athraíodh ainm an Bhoird Pinsean le héifeacht ón 7 Márta 2014 agus is ainm Béarla na heagraíochta, the Pensions Authority nó, ainm Gaeilge na heagraíochta, An tÚdarás Pinsean, a bheidh in úsáid as seo amach.

Ní raibh aon tionchar ag an athrú seo ar oibríochtaí laethúla; is ar bhonn gnóthais leantaigh atá na ráitis airgeadais ullmhaithe.

23. Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh comhaltaí an Údaráis na ráitis airgeadais ar an 16 Bealtaine 2014.

Aguisín I

Ballraíocht de choistí agus meithleacha oibre reatha an Bhoird.

Meitheal oibre sochair shainithe

- Brendan Johnston
- Roz Briggs
- Don O'Higgins
- Rachael Ryan

Meitheal oibre na ranníocaíochta sainithe

- Phelim O'Reilly
- Kevin Finucane
- Mary Walsh
- Patricia Murphy
- Terence Noone

Coiste airgeadais agus iniúchta

- Niall Walsh
- Kevin Finucane
- Don O'Higgins
- Vera McGrath (An Roinn Coimirce Sóisialaí)

Grúpa comhairleach rialála

- Rachael Ryan
- Emer O'Flanagan
- David Owens
- Terry Noone
- Mary Walsh

Grúpa athbhreithnithe rialála

- Emer O'Flanagan
- Terence Noone
- David Owens
- Mary Walsh

Coiste luacha saothair

- Jane Williams
- Mary Walsh
- Patricia Murphy
- Terence Noone

Meitheal oibre taighde agus cumarsáide

- Jane Williams
- Noreen Deegan
- Robin Webster
- Patricia Murphy
- Terence Noone

Aguisín II

Tábla 1: Táscairí monatóireachta bliantúla

Rialáil

Feidhm agus táscairí	Sprioc/ ionchas 2013	Toradh 2013	Sprioc/ ionchas 2014	Míniú
Líon cruinnithe le scéimeanna SS agus earnála poiblí	15	16	15	Reáchtáiltear cruinnithe le hiontaobhaithe, soláthraithe pinsean agus riarthóirí seirbhíse poiblí chun saincheisteanna ginearálta géilliúlachta a phlé. Chomh maith leis sin, reáchtáiltear cruinnithe le díriú ar shaincheisteanna sonracha géilliúlachta ábhartha don Bhord.
Líon cruinnithe le riarthóirí/ soláthraithe cláraithe (soláthraithe CCSP san áireamh) agus scéimeanna RS	6	24	15*	* Beidh gníomhaíocht sa réimse seo bunaithe ar thaithí agus ar thorthaí fiosrúchán, cigireachtaí ar an láthair, imscrúduithe agus iniúchtaí sonracha
Líon cigireachtaí ar an láthair de riarthóirí cláraithe agus soláthraithe CCSP	24	21*	20	* Chuir an Bord 21 cigireacht RC ar an láthair i gcrích in 2013. Tá tuairisc maidir le torthaí na gcigireachtaí seo foilsithe ar shuíomh gréasáin an Bhoird. Seachas an 24 cigireacht bheartaithe ar an láthair a chur i gcrích, tugadh tús áite d'iniúchadh deasc-bhunaithe a dhéanamh ar 5 sholáthraí CCSP agus ar 10 dtáirge CCSP.
Líon cigireachtaí ar an láthair Scéim Pinsean na nOibrithe Tógála	4*	0	Gan sprioc^	* Ní chuirtear a leithéid de ghníomhaíocht san áireamh nuair nach soláthraítear fianaise phárolla trí phróiseas alt 18 agus ansin ag brath ar a thromchúisí is atá an cás.
				^ Tá an t-ionchas seo bunaithe ar thaithí na bliana roimh ré.
Líon na n-ionchúiseamh tionscanta	Gan sprioc	60*	Gan sprioc^	* Líon na n-ionchúiseamh tionscanta in 2013.
				^ Ní thionscnaítear ionchúisimh ach amháin nuair is gá. Níl aon sprioc ar leith leagtha toisc nach ndéanfaidh an Bord ionchúiseamh ach amháin nuair is gá.
Líon na n-imscrúduithe um fhíneálacha ar an láthair tionscanta	200	180*	200	* Ba é a bhí mar thoradh leis na himscrúduithe ar fhíneálacha ar an láthair 7 gcás inar forchuireadh fíneálacha.
Céatadán scéimeanna gníomhacha nach bhfuil riarthóir cláraithe ceaptha ina leith	5%	6%*	4%	* Ní bhaineann an figiúr seo ach le scéimeanna gníomhacha. Ainneoin nach gá do scéimeanna calctha áirithe riarthóir cláraithe a cheapadh, tosaíocht leanúnach don Bhord in 2014 é a chinntiú go bhfuil riarthóir cláraithe ceaptha ag gach scéim nach mór di riarthóir cláraithe a cheapadh.

Aguisín II ar lean

Feidhm agus táscairí	Sprioc/ ionchas 2013	Toradh 2013	Sprioc/ ionchas 2014	Míniú
Líon cásanna tuairiscthe de ranníocaíochtaí nár cuireadh ar aghaidh chuig scéimeanna nó CCSPanna	Gan sprioc	63*	Gan sprioc	* Ba ann do 63 tuairisc a raibh imscrúdú i ndáil le ranníocaíochtaí gan a bheith á gcur ar aghaidh mar thoradh leo. Astu seo, bhain 26 tuairisc (41%) le Scéim Pinsin na nOibrithe Tógála.
An líon scéimeanna lena bhfuil tograí maoinithe S49(3B) agus/nó iarratais laghdaithe sochair S50 próiseáilte ina leith	450	131*	50	* Chomhlíon níos mó scéimeanna ná mar a bhí súil leis an caighdeán maoinithe. Bhí an toradh do 2013 níos airde ná mar a raibh súil leis, áfach, de bhrí gur foirceannadh roinnt scéimeanna nó gur chuir siad in iúl don Bhord go raibh siad le foirceannadh nó gur chuir an fostóir in iúl go raibh sé beartaithe aige deireadh a chur le ranníocaíochtaí chuig an scéim. Chomh maith leis sin, níor sholáthair roinnt scéimeanna a raibh plean maoinithe le cur faoi bhráid an Bhoird acu, plean i rith na tréimhse seo.

Faisnéis agus treoir

Feidhm agus táscairí	Sprioc/ ionchas 2013	Toradh 2013	Sprioc/ ionchas 2014	Míniú
Líon na bhfiosrúchán ar láimhseáladh	Gan sprioc	7,366 *	Gan sprioc	Bhain formhór na bhfiosrúchán le hábhair i ndáil le nochtadh faisnéise, dualgas na n-iontaobhaithe, an caighdeán maoinithe agus CCSPanna. San áireamh anseo freisin tá fiosrúcháin theicniúla a bhaineann le ISIS.

Eile

Feidhm agus táscairí	Sprioc/ ionchas 2013	Toradh 2013	Sprioc/ ionchas 2014	Míniú
Ráta tinrimh um ballraíocht an Bhoird	100%	87%	100%	

Aguisín III

Tábla 2: Príomhtháscairí feidhmíochta

Éifeachtúlacht chorparáideach/eagraíochtúil				
Caiteachas bliantúil an Bhoird i ndáil le réamh-mheastachán buiséid	**2011**	**2012**	**2013**	**2014**
Buiséad (€ milliún)	€6.4	€6.5	€5.9	€6.0
Caiteachas iarbhír (€ milliún)	€5.7	€6.4	€5.7	n/a
Éagsúlacht %	-10%	-1%	-3%	n/a

Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht an Bhoird faoi rialáil, faisnéis agus treoir agus faoi chomhairle beartais mar atá sonraithe anseo thíos trí thagairt a dhéanamh do na táscairí seo a leanas.

Rialáil		
	Bonnlíne	**Sprioc 2015**
Céatadán scéimeanna leanúnacha SS a bhfuil an caighdeán maoinithe á chomhlíonadh acu nó i ndiaidh plean maoinithe faofa	42% (December 2010)	100%

Faisnéis agus treoir		
	Bonnlíne	**Sprioc 2015**
% na ngeallsealbhóirí sásta/an-sásta le caighdeán ábhair faisnéise agus treorach an Bhoird	82% (Samhain 2011)	90%
% na bhfreagróirí sásta/an-sásta le freagra an Bhoird i ndáil le fiosrúcháin	65% (Samhain 2011)	80%

Comhairle beartais agus tacaíocht theicniúil		
	Bonnlíne	**Sprioc 2015**
Déanfar éifeachtúlacht na bhfeidhmeanna comhairle beartais a mheasúnú trí aiseolas cáilíochtúil ón Roinn Coimirce Sóisialaí agus ó ranna ábhartha eile.	Bhuail ionadaithe an Bhoird leis na Ranna Coimirce Sóisialaí, Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Eanáir 2012 chun measúnú a dhéanamh ar a leibhéil sástachta le comhairle beartais an Bhoird. Léirigh an trí roinn a gcuid sástachta le feidhm chomhairle beartais an Bhoird.	Go leanfaidh an Bord ar aghaidh mar fhoinse comhairle inniúil, inchreidte agus ábhartha don Aire agus don Roinn Coimirce Sóisialaí agus Ranna ábhartha eile.

Aguisín IV

Ciontuithe ionchúisimh an Bhoird Pinsean 2013

Uimh.	Ainm an cháis	Alt ábhartha de chuid Acht na bPinsean	Pionóis
1	Murcav Ltd Mark Cavanagh agus Patrick Crowe, stiúrthóirí Murcav Ltd	S58A(1)	Fíneáilte €5,000 Pianbhreith míosa ar fionraí ar an gcoinníoll go n-íocfar €1,000 leis an scéim laistigh de 11 mí
2	Murcav Ltd Mark Cavanagh agus Patrick Crowe, stiúrthóirí Murcav Ltd	S18	Ciontaithe Ciontaithe
3	Pat Kennedy Construction Ltd	S58A(1)	Fíneáilte €750
4	Pat Kennedy Construction Ltd	S18	Fíneáilte €750
5	Gerry Neilon Scaffolding Ltd	S18	Fíneáilte €5,000
6	Paul Kendrick Decorators Ltd Paul Kendrick, stiúrthóir Paul Kendrick Decorators Ltd Anna Kendrick, stiúrthóir Paul Kendrick Decorators Ltd	S58A(1)	Ciontaithe Fíneáilte €1,000 Ciontaithe
7	Paul Kendrick Decorators Ltd Paul Kendrick agus Anna Kendrick, stiúrthóirí ag Paul Kendrick Decorators Ltd	S18	Ciontaithe Ciontaithe
8	Maurice Prendergast, stiúrthóir Belfield Construction Ltd	S58A(1)	Fíneáilte €2,500 agus 240 uair seirbhís pobail
9	Colm McNulty, stiúrthóir Limestone Construction Ltd (Faoi Leachtú)	S58A(1)	Pianbhreith príosúin 18 mí ar fionraí
10	Rainey Conservation Ltd	S58A(1)	Fíneáilte €2,500 agus costais de €1,200
11	Active Concrete Drilling Ltd	S58A(1)	Fíneáilte €1,000
12	Peader McEnroe, stiúrthóir Kill Plumbing Ltd	S18	Fíneáilte €500 agus costais de €200
13	Eugene O'Neill, stiúrthóir Swift Structures Ltd *	S58A(1)	Forchuireadh pianbhreith príosúin 18 mí ar fionraí. Téarma breise den phianbhreith ba ea go n-íocfaí €20,000 le hiontaobhaí na scéime.

* Circuit Court case

Aguisín V

Ballraíocht na scéimeanna pinsean gairme agus na gCuntas Coigiltis Scoir Pearsanta

Tábla 3: Líon na scéimeanna agus ballraíocht amhail ag 31 Nollaig 2013

	Ranníocaíocht Sainithe		Sochar Sainithe				Scéimeanna Uile	
			Faoi Réir an Chaighdeáin Mhaoinithe		Níl Faoi Réir an Chaighdeáin Mhaoinithe			
Méid na Scéime	Líon na Scéimeanna	Comhaltaí Gníomhacha	Líon na Scéimeanna	Comhaltaí Gníomhacha	Líon na Scéimeanna	Comhaltaí Gníomhacha	Líon na Scéimeanna	Comhaltaí Gníomhacha
Calctha	n/b	n/b	139	983	0	0	139	983
I bhFoirceann	n/b	n/b	86	10,425	0	0	86	10,425
Neamh-Ghrúpa	49,282	49,282	7	7	2	2	49,291	49,291
1 go 50***	11,220	62,126	407	6,646	40	746	11,667	69,518
51 go 99***	305	21,299	62	4,602	12	893	379	26,794
100 go 500***	266	52,005	129	30,948	28	6,360	423	89,313
501 go 1000***	28	18,844	36	24,864	4	3,633	68	47,341
1001+	22	37,761	24	100,144	22	316,801	68	454,706
Iomlán 2013	**61,123**	**241,317**	**890**	**178,619**	**108**	**328,435**	**62,121**	**748,371**
2012 Total	60,192	232,939	933	189,644	107	338,037	61,232	760,620
Athrú ó 2012	**931**	**8,378**	**-43**	**-11,025**	**1**	**-9,602**	**889**	**-12,249**

Tábla 4: CCSPanna amhail ag 31 Nollaig 2013

	Deireadh 2012	Deireadh 2013	Athrú
Líon iomlán na gconarthaí:	206,936	215,892	8,956
■ *Conarthaí caighdeánacha CCSP*	*156,483*	*161,834*	*5,351*
■ *Conarthaí Neamhchaighdeánacha CCSP*	*50,453*	*54,058*	*3,605*
Sócmhainní iomlána:	**€3.46 billiún**	**€3.99 billiún**	**€0.53 billiún**

An Bord Pinsean
Teach Verschoyle
28/30 Sráid an Mhóta Íochtarach
Baile Átha Cliath 2

Guthán: (01) 613 1900
Facs: (01) 631 8602
Íosghlao: 1890 65 65 65

ISSN 1649 8690